Ag cuidiú leis an bhfís a bhaint amach

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais BSL 2003

www.esb.ie

Athbhreithniú an Chathaoirligh 01
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 07
Feidhmíocht Airgeadais Grúpa 12
Athbhreithniú Ghiniúint Chumhachta 17
Athbhreithniú Soláthair Leictreachais 20
Athbhreithniú Ghréasáin BSL 22
Athbhreithniú Fiontar Tráchtála 25
Athbhreithniú Oibritheora Chóras Tarchuir 27
Freagracht Shóisialta Chorparáideach 28
An Bord 31
Coistí Boird 32
Baill an Bhoird 33
An Coiste Feidhmeannach 35
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 39
Ráitis Airgeadais agus Nótaí 45

...d’Éirinn ina bhfuil
fás leanúnach
eacnamaíochta,
tír atá iomaíoch
agus tír ina dtugann
BSL an caighdeán
is airde seirbhíse dár
gcuid custaiméirí.


AN BORD
Tadhg O'Donoghue
Cathaoirleach
Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach
Tony Donnelly
Leas-Phríomhfheidhmeannach
John Redmond
Rúnaí na Cuideachta
Aidan O'Regan
Gnóthaí Rialaithe
Sean Wyse
Stiúrthóir Feidhmeannach
Fiontair Tráchtála
John Campion
Stiúrthóir Feidhmeannach
Acmhainní Daonna agus
Gnóthaí Corparáideacha
Michael McNicholas
Stiúrthóir Feidhmeannach
Giniúint Chumhachta agus
Soláthar Custaiméirí
John Shine
Stiúrthóir Feidhmeannach
Gréasáin BSL
Kieran O'Brien
Stiúrthóir Bainistíochta
Eangach Náisiúnta BSL
Bernard Byrne
Stiúrthóir Grúpa Airgeadais

PRÍOMHEOLAS AIRGEADAIS	1999 €'000	2000 €'000	2001 €'000	2002 €'000	2003 €'000
Láimhdeachas	1,720.3	1,894.4	2,040.2	2,150.8	2,341.8
Brabús roimh ús & cáin	391.8	210.5	199.2	250.4	354.0
Brabús roimh cháin	337.2	178.6	160.1	196.5	302.1
Díbhinní	-	-	-	39.7	67.1
Caiteachas Caipitil	415.5	407.0	544.8	864.6	1,293.8
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	521.5	519.0	350.7	563.3	530.7
Glanfhiach	735.7	535.9	632.6	902.4	1,602.8
Tuilleamh in aghaidh na scaire *	-	-	8.3	8.1	12.6
Toradh ar chaipitil fostaithe (ROCE) **	12.7	8.8	4.6	5.5	6.8

* Roimh 2001 ní raibh stoc caipitiúil ar Chlár Comhardaithe BSL. Ar an 30 Nollaig 2001, athraíodh caipitil agus cúlchistí BSL chuig stoc caipitiúil agus eisíodh iad chuig an Roinn Airgeadais agus BSL ESOP Trustee Limited.

** Ríomhtar ROCE tar éis muirir airgeadaithe a asbhaint ar sholáthair.

CAITEACHAS CAIPITIL (€m)



GLANFHIACH (€m)



Tadhg O'Donoghue

Ráiteas an Chathaoirligh Chairman's Review

"Táimidne i mBSL tiomanta le fada d'fhás agus d'inmharthanacht ár ngnó agus ag an am céanna cur go dearfach leis an tsochaí agus leis an timpeallacht"

De réir fhorálacha an Achta Leictreachais (Soláthar) 1927 (leasú) cuireann an Bord a Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais i láthair don bhliain dár críoch 31ú Nollaig, 2003.

Feidhmíocht i 2003

Brabúsacht

Tháinig méadú de €89m go €249m ar bhrabús grúpa tar éis cánach, ar léiriú é ar roinnt fachtóirí ar nós mhéadú ar ioncaim chomh maith leis an tionchar a bhí ag an laghdú ar líon na foirne agus ag tionscnaimh eile chun costais a laghdú, a baineadh amach go dtí seo faoin gclár 'Programme to Achieve Competitiveness and Transformation' (PACT). Chun an brabús sin a chur i gcomhthéacs ba é an tAischur ar Chaipiteal a úsáideadh ná 6.8% i gcomparáid le 5.5% i 2002. Fós féachtar ar an leibhéal aischuir sin mar leibhéal neamhleordhóthanach i gcomparáid leis an leibhéal ollmhór infheistíochta caipitil atáthar a dhéanamh agus i gcomparáid le haischuir cuideachtaí leictreachais eile san Eoraip.

In ainneoin an mhéadaithe sin ar bhrabúsacht ní raibh an sreabhadh airgid ó oibriúcháin dóthanach ach le maoiniú a dhéanamh ar 41% de Chlár Caipitil na bliana, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar iasachtaí glan go €701m. Mar chuid de na hiasachtaí ardaithe sin, i Nollaig 2003, bailíodh os cionn SA$1bn trí eisiúint fhiach Láithriú Príobháideach sna SA.

Tá an Bord ag moladh díbhinn de 3.39 cent an scair don bhliain, nó €67m, ardú de 1.38 cent an scair, nó €27m ar 2002.

An Margadh

Tháinig ardú 3.3% ar an margadh leictreachais in Éirinn i 2003 i gcomparáid le 2.6% i 2002. Leanann an t-ardú sin ag cur brú ar chorrlach toillte córais. Tá na srianta atá ar BSL maidir le toilleadh ginte nua fós i bhfeidhm. Chun tabhairt faoin bhfadhb sin sa ghearrtéarma tá buaicthoilleadh de 104WW breise coimisiúnaithe ag an BSL, i gcomhaontú leis an Rialtóir, agus tá sé i mbun conartha chun 170MW toillte a thabhairt isteach as Tuaisceart Éireann. San fhadtéarma, tá conarthaí 'tionscnamhacha' deich mbliana tairgthe againn do dhá ghineadóir nua, Tynagh Energy agus Aughinish Alumina agus ba chóir go gcuideodh sé sin chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb toillte ó 2006 ar aghaidh.

Tá moladh mór ag dul don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Dermot Ahern T.D., de bharr an fhógra a rinne sé le deireanaí maidir le hidirnascaire leictreachais leis an mBreatain Bheag. Éascóidh sé sin, amach anseo, margadh uile-oileáin agus tacaíonn BSL go hiomlán leis an gcuspóir sin.

Oscailt an Mhargaidh

Le linn 2003, bhí 40% den mhargadh, tomhaiste de réir díolachán leictreachais, oscailte do chomórtas. Ón 19ú Feabhra 2004 tháinig ardú go 56% air sin. Beidh an margadh oscailte go hiomlán do chomórtas i 2005, dhá bhliain níos luaithe ná mar is gá faoi Threoir Leictreachais AE.

Leathanbhanda

Chuireamar críoch le líonra snáthoptaice a shíníonn anois 1300km agus a chuireann go mór le síneadh seirbhísí leathanbhanda ar fud na tíre.

Infheistíocht sa Todhcaí

Bhí caiteachas caipitil BSL i 2003 ag leibhéil nach facthas riamh roimhe seo ag €1,294m. Bhain cuid mhór den chaiteachas sin le hinfheistíocht inár líonraí inár ceanglaíodh an líon is mó custaiméirí nua riamh, 77,121 i 2003.

In ainneoin an riachtanais práinne a bhí ann d'infheistíocht shuntasach in ár líonra tarchuir ardteannais ba chúis díomá a bhí ann go raibh an caiteachas a rinneadh anseo níos ísle ná an bhliain roimhe sin de bharr cúrsaí pleanála agus nithe eile a chuir moill ar chúrsaí. Leanann BSL ag infheistiú i monarchana ginte cumhachta i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Spáinn. Tá tógáil á déanamh ar dhá stáisiún dóite móna i nDroichead na Sionainne agus i mBéal Átha Liag a chosnóidh timpeall €460m nuair a bheidh siad críochnaithe. Tugadh comhaontuithe dúnta chun críche le foireann i stáisiúin mhóna i Ród, i nDroichead na Sionainne, i mBéal Átha Liag, i gCathair Saidhbhín agus i mBéal Átha Chomhraic agus éascóidh na comhaontuithe sin díchoimisiúnú a dhéanamh orthu de réir a chéile nó go mbeidh an dá mhonarcha nua ag feidhmiú go hiomlán.

Déanfar cinneadh maidir le todhchaí Giniuna Ghob na Muine, a dteastaíonn infheistíocht de os cionn €200m do theicneolaíocht glanta astaíochta le go gcomhlíonfaidh sé ár n-oibleagáidí comhshaoil, le linn 2004. Ní féidir an cinneadh infheistíochta sin a dhéanamh ach i gcomhthéacs comhaontuithe deachleachtais do shuiteáil trealaimh agus oibríocht agus cothabháil leanúnach na monarchan.

Déanfar coimisiúnú ar mhonarcha 400MW go luath i 2005 i gCúil Chaorach gar do Dhoire i dTuaisceart Éireann. Nuair a bheidh sé coimisiúnaithe soláthróidh an mhonarcha sin sciar shuntasach do mhargadh Thuaisceart Éireann. Táimid freisin ag tógáil monarcha 755 MW i Amorebieta, gar do Bilbao i dtuaisceart na Spáinne. Táthar ag tnúth go mbeidh an monarcha sin réidh le coimisiúnú ag deireadh 2005.

Comhshaol

Tá BSL tiomanta gineadh ó acmhainní inathnuaite a fhorbairt. Faoi láthair tá teorainn curtha le fás an fhuinnimh ó acmhainní inathnuaite de bharr an laghad fáil atá ar naisc chuig an griolla náisiúnta leictreachais. Chun go mbeidh ar chumas an fhoinse fuinnimh sin fás tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh EirGrid, an comhlacht reachtúil le freagracht as naisc chuig an ngriolla, aghaidh ar an tsaincheist sin láithreach.

Chuir an sciorradh talún i nDoire Bhriain, Co. na Gaillimhe stop le hobair ar fheirm ghaoithe fhochuideachta de chuid BSL, Hibernian Wind Power Teoranta. Tá roinnt tuarascálacha teicniúla maidir leis an eachtra eisithe. Tá Hibernian Wind Power Teoranta ag déanamh staidéir go cúramach ar na tuarascálacha sin agus tá sé tiomanta go hiomlán na moltaí atá iontu a fheidhmiú.

Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Táimidne i mBSL tiomanta le fada d'fhás agus d'imharthanacht ár ngnó agus ag an am céanna cur go dearfach leis an tsochaí agus leis an timpeallacht. Tacaíonn BSL leis an gcoinceap a bhaineann le freagracht chorparáideach tríd ár ról i 'Gnó sa Phobal', eagraíocht a sholáthraíonn comhairle do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí a roghnaíonn leas a bhaint as polasaí maidir le freagracht chorparáideach. Ar an mbealach sin táimid tiomanta, chomh maith le cuideachtaí móra eile in Éirinn, tuarascáil 'Freagracht Chorporáideach' a fhoilsiú. Cinnteoidh foilseachán na tuarascála sin, a eiseofar sa 3ú Ráithe i 2004, go gcuirfimidne cuntas cruinn agus cothrom i láthair dár bpáirtithe leasmhara ar conas mar a chuirfimid le saol ár gcustaiméirí, ár bhfoirne, leis an gcomhshaol agus leis an bpobal mar shaoránach corparáideach freagrach agus cinnteoidh sé freisin le himirt ár róil maidir le sochaí níos inmharthanaí agus níos cothroime a chruthú.

An Fhoireann

Ba mhéala mór dá muintir, dá bpobail agus don chuideachta ab ea bás beirt dár gcomhghleacaithe agus an dorchghortú a bhain do dhuine eile i dtimpiste thubaisteach i Stáisiún Ginte Tairbeart i mí Iúil 2003. Ghoill sé go mór ar fhoireann an stáisiúin agus ar gach duine i mBSL. Bhásaigh beirt chonraitheoirí a bhí ag obair do BSL de bharr timpistí le linn na bliana freisin. Déanaimid comhbhrón ó chroí lena muintir agus lena gcairde. Meabhraíonn na timpistí sin dúinn arís an tábhacht a bhaineann le sprioc BSL deireadh iomlán a chur le gortuithe i measc na foirne, conraitheoirí agus an phobail.

An Bord

Níor tháinig aon athrú ar chomhdhéanamh an Bhoird le linn 2003.

Páirtithe Leasmhara

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha as an gcúnamh leanúnach a thug siad dúinn le linn na bliana. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt freisin don obair mhór a rinne an Bord agus foireann BSL le linn 2003.

Tadhg O'Donoghue
An Cathaoirleach
23 Márta 2004



In accordance with the provisions of the Electricity (Supply) Act 1927 (as amended) the Board presents its Annual Report and Accounts for the year ended 31st December, 2003.

2003 Performance

Profitability

Group profit after tax increased by €89m to €249m, reflecting a number of factors, such as increased revenues, as well as the impact of reductions in staff numbers and other cost reduction initiatives, achieved to date under the Programme to Achieve Competitiveness and Transformation (PACT). To put this profit in context, the Return on Capital Employed was 6.8% compared to 5.5% in 2002. This level of return is still considered inadequate, in terms of the enormous level of capital investment being made and the comparable returns of European electricity companies.

Despite the increase in profitability, cash flow from operations was only sufficient to finance 41% of the Capital Programme for the year, resulting in increased net borrowing of €701m. As part of these increased borrowings, in December 2003 over US$1bn was successfully raised through a US Private Placement debt issue.

The Board is proposing a dividend for the year of 3.39 cents per share, or €67m, an increase of 1.38 cents per share, or €27m on 2002.

The Market

The market for electricity in Ireland grew by 3.3% in 2003, compared to 2.6% in 2002. This growth continues to put pressure on the systems capacity margin. The restrictions placed on ESB in relation to adding new generation capacity continue in place. To address the problem in the short-term, ESB has, in agreement with the Regulator, commissioned an additional 104MW of short term peaking capacity and entered into a contract to import 170MW of capacity from Northern Ireland. In the long term, we have also offered ten year off-take contracts to two new generators, Tynagh Energy and Aughinish Alumina, which should help address the capacity situation from 2006 onwards.

The Minister for Communications Marine and Natural Resources, Dermot Ahern TD is to be congratulated on his recent announcement of an electricity interconnector with Wales. This will facilitate the creation, in the future, of an all-islands market and ESB is fully supportive of this objective.

Market Opening

During 2003, 40% of the market, measured by electricity sales, was open to competition. Since 19th February 2004 this has increased to 56%. The market will fully open to competition in 2005, two years earlier than required under the EU Electricity Directive.

Broadband

We completed the national fibre optic network which now extends to 1,300kms, which makes a major contribution to the extension of broadband services nationwide.

Investing for the future

Capital expenditure in 2003 at €1,294m was again at record levels for ESB. A large part of this expenditure relates to investment in our networks where a record 77,121 new customers were connected in 2003.

It is disappointing that despite the urgent need for significant investment in our high-tension transmission network, expenditure in this area was lower than in the previous year due to planning and other delays.

ESB continues to invest in power generation plants in the Republic of Ireland, Northern Ireland and Spain. Construction is well advanced on two new peat burning stations in Shannonbridge and Lanesboro which will eventually cost approximately €460m. Closure agreements were completed with staff in the peat stations at Rhode, Shannonbridge, Lanesboro, Cahirciveen and Bellacorrick, which will allow for their orderly decommissioning as the two new plants come into full production.

The decision on the future of Moneypoint which requires an investment of over €200m in emissions cleaning technology, to comply with our environmental obligations,

will be made during 2004. This investment decision can only be made in the context of best practice agreements for the installation of the equipment and the ongoing operation and maintenance of the plant.

A 400MW plant will be commissioned in early 2005 in Coolkeeragh near Derry, in Northern Ireland. When commissioned this plant will supply a significant share of the Northern Ireland market. We are also building a 755MW plant in Amorebieta, near Bilbao, in northern Spain. This plant is due for commissioning in late 2005.

Environment

ESB is firmly committed to the development of generation from renewable resources. At present, the growth in energy from renewable sources is constrained by the availability of connections to the national electricity grid. In order for this source of energy to grow, it is imperative that all industry participants, including EirGrid, the statutory body responsible for connections to the grid, address this issue as a matter of urgency.

The peat slippage at Derrybrien, County Galway stopped work on a wind-farm for an ESB subsidiary, Hibernian Wind Power Limited. A number of technical reports into the incident have been issued. Hibernian Wind Power Limited is carefully studying these reports and is fully committed to implementing their recommendations.

Corporate Social Responsibility

We in ESB have long been committed to growing and sustaining our business while making a positive contribution to both society and the environment. ESB supports the concept of corporate responsibility through our role in 'Business in the Community' (BITC), an organisation that provides advice to companies and organisations that choose to pursue a policy of corporate responsibility. In this regard we have committed, along with other leading Irish companies, to publish a 'Corporate Responsibility' report. The publication of this report, which will issue in Quarter 3 2004, will ensure that we present to our stakeholders a fair and accurate account of our contribution to our customers, staff, environment and community, as a responsible corporate citizen, and that we play our part in the creation of a fairer and more sustainable society.

Staff

The deaths of two of our colleagues and the serious injury of another in a devastating accident in Tarbert Generating Station in July 2003 were traumatic for their families, their communities and the company. It was also deeply upsetting for both the staff in the station and throughout ESB. Two contractors working for ESB also lost their lives in accidents during the year. Our sincere condolences go to their families and friends on their tragic loss. These accidents bring home to us all the importance of ESB's drive towards a goal of zero injuries to staff, contractors and members of the public.

ESB is firmly committed to the development of generation from renewable resources

Board

There were no changes to the composition of the Board during 2003.

Stakeholders

I would like to thank the Minister and officials of the Department for Communications, Marine and Natural Resources, for their continued assistance during the year. I would also like to acknowledge the contributions of the Board and staff of ESB, during 2003.

Tadhg O'Donoghue
Chairman
23 March 2004

Padraig McManus

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

"Tá BSL sa chaoi againn le bheith ina cuideachta ardfheidhmíochta, mar chuid dhlúth de mhargadh leictreachais iomaíoch in Éirinn, a ghinfidh luach do shealbhóirí stoic agus dá custaiméirí…"

Réamhrá

Tá áthas orm ár gcuid torthaí do 2003 a chur i láthair, cinn a léiríonn go bhfuil dul chun cinn mór déanta againn ó thaobh ár gcuid cuspóirí corparáideacha uaillmhianacha a bhaint amach, rud a dhéanfaidh leas dár gcuid custaiméirí agus dár gcuid sealbhóirí stoic.

Bliain shuntasach a bhí i 2003 don BSL. Bhaineamar amach an leibhéal is airde ó thaobh infheistíochta caipitil san infrastruchúr náisiúnta leictreachais, chuireamar feabhas mór ar an tslí a ndéanaimid gnó agus choinníomar leanúnachas soláthair chuig ár gcuid custaiméirí ainneoin go rabhamar ag obair in aghaidh constaicí géara ó thaobh teacht ar chumhacht. Chun cuidiú le oscailt an mhargaidh leictreachais d'iomaíocht chomhlánamar dhá chomhaontú ceannaigh cumhachta ar leithligh le cuideachtaí giniúna seachtracha nua agus rinneamar infheistíocht mhór i gcórais TE a theastaíonn do lánoscailt an mhargaidh. Rud tábhachtach eile sheacadamar feidhmíocht airgeadais fiúntach a thabharfaidh deis dúinn tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa ghnó agus é a chur chun cinn.

Straitéis Chorparáide

Leag an straitéis chorparáide reatha a seoladh i 2002 amach an treo do ghníomhaíochtaí grúpa agus chuir ar fáil an creat oibre d'fheidhmiú pleananna aistriú feadh BSL. Ag teacht as an straitéis sin le linn 2003 bhí fócas ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht sna gnóthaí atá ann, infheistíocht mhór in infrastruchtúr náisiúnta in Éirinn agus úsáid sprioctha deiseanna nua gnó sa bhaile agus thar lear.

Leagann an straitéis chorparáide amach an treoir straitéise do BSL mar seo a leanas:

- díriú ar an lárghnó leictreachais,
- tairgéidí airgeadais do na blianta le teacht a ghlanadh,
- ceannaireacht deachleachtais a bhaint amach i saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta,
- beidh custaiméirí mar an príomhphointe don Ghrúpa.

Chun an straitéis sin a thabhairt chun críche ní mór do BSL seachadadh a dhéanamh ar phríomhshaincheisteanna gnó:

- athnuachan ar ghréasáin dáiliúcháin agus tarchuir,
- athchóiriú a dhéanamh ar an ngléasra giniúcháin,
- forbairt a dhéanamh ar ghnó Soláthar Custaiméirí dírithe go iomlán ar an gcustaiméir,
- gnó idirnáisiúnta a mbeidh ag éirí leis a bhaint amach,
- póitéinseal foirne a bhaint amach agus
- cumhachtú a dhéanamh ar bhainisteoirí chun sin a bhaint amach.

I dtéarmaí airgeadais tá na gnéithe sin athlínithe lena chinntiú go mbeidh na hacmhainní ar fad dírithe ar thairgéad airgeadais foriomlán ó thaobh dhúblú a dhéanamh ar bhrabúsacht an Ghrúpa sa tréimhse 2002 go 2007 a bhaint amach, rud a chaithfear a dhéanamh má táimid le clár comhardaithe láidir, a bheidh in ann an infheistíocht leanúnach atá riachtanach sna gnóthaí a dhéanamh a bhaint amach.

Aithníonn ár straitéis go soiléir go gcaithfimid éabhlú le próiseas an liobrálaithe laistigh d'earnáil an fhuinnimh in Éirinn. Níos tábhachtaí ná sin caithfimid an iomaíochais a thabhairt isteach go gníomhach, ach ag an am céanna lárghnó ar scála maith a choinneáil dár sealbhóirí stoic. Tá BSL sa chaoi againn le bheith ina cuideachta ardfheidhmíochta ar mhargadh leictreachais iomaíoch, a ghinfidh luach dá cuid sealbhóirí stoic agus dá cuid custaiméirí de réir mar a leanann an próiseas liobarálaithe ar aghaidh agus de réir mar a dhéanfar níos mó lánpháirithe ar mhargaí fuinnimh ar fud na hEorpa.

Athbhreithniú Oibríochta

I dtéarmaí oibríochtaí d'fheidhmigh BSL go sásúil in 2003. Baineadh an fheidhmíocht sin amach trí :

- Feidhmíocht oibríochta láidir bunúsach i ngach réimse, in aghaidh tomhais feidhmíochta príomha atá leagtha síos do bhainistíocht shinsearach faoin straistéis chorparáide cúig bliana.
- Ardleibhéil fós d'infheistíocht caipitil (€1.3bn) go háirithe sna gréasáin, ar cuid thábhachtach iad den infrastruchtúr náisiúnta leictreachais.
- Leanúnachas inár soláthar dár gcuid custaiméirí ainneoin coinníollacha ó thaobh fáil chúng ar chumhacht le linn na bliana agus fás ar éileamh a bhí ag ardú seasta.
- Éifeachtacht oibríochta níos fearr i gcomhar le feabhsúcháin i raon leathan de phróisis ghnó ba bhonn le coigiltis de €95m le linn 2003 faoi chlár PACT.
- San áireamh ansin bhí laghdú de bhreis is 1,000 fostaí ó 2001.
- Comhaontuithe dúnta maidir le cúig stáisiún móna agus tús le tógáil dhá stáisiún móna nua-aimseartha ar fad.
- Tuilleadh forbartha ar ghiniúint nua agus deiseanna gnó soláthair i dTuaisceart Éireann, an Bhreatain agus sa chuid eile den Eoraip ag aithint an ghá atá le scair an mhargaidh in Éirinn a laghdú agus a bheith sa chaoi ag an am céanna feidhmiú le scála ar mhargadh leictreachais lánpháirtithe san Eoraip.
- Leanúint leis an gcur chuige comhpháirtíochta idir bainistíocht agus fostaithe BSL.

B'ábhar díomá nár leanadh ar aghaidh le conradh SETrans chun Córas Tarchuir sna SA a fheidhmiú de bharr athruithe ina dtimpeallacht rialála. Chomh maith leis sin d'oibríomar crua chun iomaíochas a chur chun cinn sa mhargadh agus sheachadamar athrú mór sa bhliain trí

- Chead a fháil ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) do na comhshocruithe gnó ar leithligh. Cuirfidh sin ar chumas Soláthar Custaiméirí BSL agus ar Ghréasáin BSL feidhmiú mar ghnóthaí ar leithligh ag comhlíonadh go hiomlán ceanglais rialacháin ó thaobh rúndachta, neamh-idirdhealú agus trédhearcacht costais.

- Córais teicneolaíochta nua faisnéise chun tacú le lánoscailt margaidh i 2005 a fhorbairt. Beidh gá leis na córais sin ag gach iomaitheoir sa mhargadh nua, le cuidiú le custaiméirí soláthróirí a roghnú.
- Conarthaí ceannaigh is ionann le cumas de bhreis is 500MW a dhéanamh le dhá iontrálaí seachtracha nua sa mhargadh giniúna, agus éascú déanta ar iomaíocht oscailte do na conarthaí sin a rinne CER go neamhspleách.

Is iad an dá phríomhghné d'iomaíocht in aon mhargadh leictreachais ná Giniúint agus Soláthar. Le linn 2003 d'athraigh an margadh Giniúna 100% le bheith ar fáil d'iomaíocht tríú páirtí. Ar bhonn uile-oileáin agus ag glacadh san áireamh na conarthaí giniúna nua atá socraithe, is le gineadóirí iomaíocha tríú páirtí 50% den táirgeadh iomlán atá ann. Ó thaobh soláthair tá an margadh anois oscailte 56% d'iomaíocht agus faoi 2005 nuair a bheidh infheistíocht de €100m déanta ag BSL i gcórais nua thar ceann CER beidh an margadh 100% oscailte. Beidh sé sin dhá bhliain iomlána chun cinn ar an sprioc AE de 2007.

Coigeartuithe Praghsanna Bliantúla

Tá thart ar 80% d'ioncam BSL rialaithe anois ag CER. Soláthraíonn Aguisín 1 forléargas ar an bpróiseas rialála sin.

Ciallaíonn an riachtanas atá le tairif leictreachais a shocrú roimh an bhliain chuí ag CER bunaithe ar réamhaisnéis ar éileamh ó chustaiméirí agus costais chuí tríd is tríd go ndéanfar ó thaobh an ioncaim iarbhír do bhliain ar easpa nó barrachas aisghnóthú ó thaobh ioncaim ag BSL. Déantar aon easpa nó barrachais ioncaim cheadaithe den sórt sin ag BSL a choigeartú ag BSL i gcinnithe praghsanna blianta ina dhiaidh sin ag CER. Is féidir leis na coigeartuithe bliain ar bhliain sin athruithe ábhartha a dhéanamh sna brabúis bhliantúla a bhíonn saothraithe ag gnóthaí rialaithe.

Ní thugann na cleachtais chuntais reatha sa réimse sin deis 'réidhiú' a dhéanamh idir coigeartuithe den sórt sin idir blianta. Léiríonn torthaí teascaithe deiridh bliana BSL mar sin an trádáil sa bhliain reatha chomh maith le coigeartuithe a bhaineann le blianta roimhe sin. Go háirithe i 2003 ba é an toradh a bhí leis sin gur thuairisc gnó Soláthar Custaiméirí BSL brabúis arda neamhghnácha de €88m a léirigh tionchar €40m den bhliain roimhe sin faoi théarnamh.

Clár Infheistíochta

D'infheistigh BSL os cionn €650m i bhforbairt agus athnuachan infrastruchtúr an Ghréasáin in Éirinn in 2003. Mar chuid de Chlár Athnuachan an Chláir chomhlán gnó Ghréasáin BSL thart ar 17,000 km de ghréasáin dáiliúcháin i 2003. Baineadh é sin amach trí mheascán d'acmhainní inmheánacha agus seachtracha le lear tábhachtach oibre déanta trí fhochonraitheoirí a fostaíodh ag comhlachtaí tógála idirnáisiúnta. Chuaigh an méid a baineadh amach thar an sprioc d'infheistíocht gréasáin atá leagtha amach inár straitéis chorparáide agus léirigh ár gcumas bainistíochta tionscadail agus ár gcumas freisin chun mórchláir oibre a sheachadadh.

Príomhchuspóir gnó ná athnuachan a dhéanamh ar phortfóilió giniúna BSL. Rinneadh dul chun cinn maidir leis sin i 2003 nuair a rinneadh comhaontuithe faoi dhúnadh roinnt sean stáisiúin mhóna. Rinneadh dul chun cinn maith ó thaobh thógáil dhá stáisiún móna nua-aimseartha i 2003. Agus tá siad laistigh den sprioc le tosú ag obair laistigh de dhá mhí dhéag. Is dúshlán mór an oscailt iomlán margaidh i 2005 mar gheall ar scála an phróisis agus forbairtí TE is gá chun a chur ar chumas an margadh iomaíoch feidhmiú go héifeachtach do na custaiméirí ar fad. Tá na córais a osclóidh an margaidh á socrú faoi láthair. Tá breis is 300 duine (foireann agus comhairleoirí) ag gabháil don tionscadal sin faoi láthair, arb é an tionscadal TE is mó ar thug BSL riamh faoi.

D'éirigh le ESB International dúnadh airgeadais a dhéanamh ar mhórinfheistíocht ar luach 755MW de ghléasra cumhachta comhthimthrialla sa Amorebieta in Spain. Feidhmeoidh an gléasra faoi chomhshocruithe trádála le Shell agus léiríonn cumas BSL feidhmiú go maith san earnáil idirnáisiúnta.

Sábháilteacht

Baineann an-tábhacht i gcás BSL le sábháilteacht ár bhfoirne, ár gconraitheoirí agus an phobail trí chéile. Caitheann BSL an-dáiríre le sábháilteacht an phobail, na bhfostaithe agus na gconraitheoirí. Leanfaimid ag obair le cur le feasacht i measc an phobail agus i measc na foirne faoin gceist agus ceann de phríomhchuspóirí na bainistíochta ná laghdú a dhéanamh ar thimpistí agus contúirtí timpistí agus is é an aidhm atá ann ná timpeallacht a chruthú nach mbeidh timpist ar bith ag tarlú inti.

Is oth linn a thuairisciú gur bhásaigh beirt ar an bhfoireann i dtimpist i dTairbeart Mike Healy agus Pat McCrohan. D'fhiosraigh BSL agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an timpist go neamhspleách agus cuirfear gach moladh a tháinig as na fiosrúcháin sin i bhfeidhm go hiomlán. Leagann na timpistí seo agus bás beirt chonraitheoirí a bhí ag obair ar Ghréasáin BSL in 2003 an bhéim ar an ngá atá le bheith fíor aireach maidir leis an tiomantas atá againn ó thaobh sábháilteachta.

Custaiméirí

Is maith atá déanta ag an eiteas custaiméirí láidir atá againn ó bunaíodh BSL. Is margadh beag í Éire ó thaobh leictreachais. Is daonra beag atá scaipthe limistéar fairsing geografach atá sa tír. Tá sé níos deacra na héilimh iomaíocha de phraghsanna ísle, cinnteacht soláthair agus caighdeán seirbhíse a chóimheá i gcás sinne ná atá ag cuid mhaith dár gcomharsana san Eoraip. Is é an réiteach atá air sin meascán maith d'iomaíochas nuair is féidir sin agus rialáil chiallmhar sa chás nach ligeann an easpa scála deis sin a dhéanamh.

Sular osclaíodh an margadh bhí monoplacht i ndáiríre againn ar gach gné de thionscal an leictreachais. D'aithin BSL an tábhacht a bhainfeadh le hoscailt an mhargaidh ar ár línte gnóthaí ar fad agus rinne atheagrú dá réir. Theastaigh uainn mar sin a chinntiú go dtabharfadh athruithe i dtionscal an leictreachais sochair sa deireadh thiar chuig custaiméirí agus go gcoinneofar caighdeáin do chustaiméirí ar feadh an phróisis athraithe chuig lánoscailt an mhargaidh. Tá na línte gnó aonair pléite níos déanaí sa tuarascáil seo.

Daoine

D'éirigh chomh maith linn go dtí seo gan dabht de bharr chaighdeán na ndaoine a bhí againn agus na dúthrachta agus an tiomantais a bhain leo. Tá foireann lena mbaineann caighdeán ard, móitivéisean ard agus a bhfuil buanna teicniúla acu agus iad dírithe go mór ar na custaiméirí, a dhéanann a gcuid oibre ar an gcaighdeán gairmiúil is airde agus ar an gcaighdeán eiticiúil is airde. Tá ár ngnó fásta go hidirnáisiúnta agus tá ár gcumas léirithe arís agus arís eile againn go bhfuilimid in ann feidhmiú go maith thar lear. Is spreagadh mór é go n-aithnítear ár saineolas in go leor tíortha thar lear agus ar an margadh sa bhaile freisin.

Táimid anois i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa agus ní mór dúinn a chinntiú go leanfaidh ár gcumais eagraíochtúla ag teacht le dúshláin ár dtimpeallachta gnó. Táimid tiomanta leanúint ag feidhmiú múnla comhpháirtíochta éifeachtach leis na Ceardchumainn agus lena gcuid ionadaithe ag gach leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH Le linn 2003 ba é sciar BSL do gheilleagar na hÉireann ná thart ar €2bn i bhfoirm párollaí, rátaí, ceannach fuinnimh, muirir úis, díbhinní agus cáin.

» Is mór an méid é sin ó thaobh fostaíochta (díreach agus indíreach) agus caiteachas i bpobail áitiúla, léiriú é ar thiomantas BSL d'Éirinn.

D'éirigh chomh maith linn go dtí seo gan dabht de bharr chaighdeán na ndaoine a bhí againn agus na dúthrachta agus an tiomantais a bhain leo.

Mar léiriú ar an tiomantas sin i 2003 sheol BSL straitéis Acmhainní Daonna a dhírigh ar a chinntiú go dtugaimid tacaíocht dár bpearsanra chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn agus muid ag iarraidh ár straitéis chorparáideach a chur i bhfeidhm.

Tátal

Agus bliain shuntasach curtha díobh acu i 2003 tá tuilleadh dúshlán roimh BSL i 2004 agus muid ag leanúint ag infheistiú inár mbonn sócmhainní.

Is é an sprioc de 20,000 km d'Athnuachan Gréasáin do 2004 an ceann is dúshlánaí go dtí seo. Beidh coimisiúnú dhá stáisiún cumhachta móna in Éirinn, forbairt shuntasach dhá stáisiún idirnáisiúnta le críochnú i 2005 agus comhlánú chlár oscailt an mhargaidh mar dhúshláin mhóra do BSL le linn 2004.

Cuideachta de chuid na hÉireann iad BSL a thug seirbhís don tomhaltóir in Éirinn le 75 bliain. Táimid tiomanta ár gcuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ach tugaimid ar aird go gcaithfear na cuspóirí sin a choinneáil faoi athbhreithniú go háirithe ag glacadh san áireamh luas an athraithe sa tionscal ar mhaithe lenár gcuid custaiméirí, an fhoireann agus na húinéirí.

Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach
23 Márta 2004

Feidhmíocht Airgeadais Grúpa

Athbhreithniú Airgeadais Grúpa

D'ardaigh brabúis choinnithe €62m go €182m, agus d'ardaigh glaniasachtaí de bhreis is €700m go €1.6bn.

Ba é an bonn leis an ardú mór i nglaniasachtaí ná an clár mór infheistíochta caipitil. Tá gá leis an gclár infheistíochta sin mar gheall ar aois agus bhail na sócmhainní atá ann, chomh maith leis na rátaí ollmhóra fáis ar éileamh leictreachais atá tarlaithe in Éirinn le fiche nó tríocha bliain anuas.

Agus iad ag breathnú chun cinn tá BSL airdeallach ar an ngá atá le sláinte airgeadais na cuideachta a choinneáil agus ag an am céanna cuspóirí infrastruchtúir a bhaint amach ag teacht le polasaí an Rialtais. Léiríonn arduithe praghsanna a tugadh le gairid do BSL ó CER an clár comhaontaithe infheistíochta chomh maith leis an maoiniú atá riachtanach chun an clár a chomhlánú.

Ní féidir leibhéil mhóra infheistíochta caipitil a chothabháil san fhadtéarma ach amháin má leanaimid ag cur feabhais ar ár mbrabúsacht agus rialú a dhéanamh ar ár gcuid caiteachais amach romhainn.

Buaicphointí 2003

Tá príomhléirithe airgeadais do 2003 agus 2002 taispeánta sa tábla thíos:

	2003	2002	Athrú
Láimhdeachas ó oibríochtaí leanúnacha	€2,342m	€2,151m	€191m
Brabús roimh ús agus cáin	€354m	€251m	€103m
Díbhinn	€67.1m	€39.7m	€27.4m
Díbhinn de réir aonad Stoic	3.39c	2.01c	1.38c
Caiteachas Caipitil	€1,294m	€864m	€430m
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	€531m	€563m	(€32m)
Glanfhiach	€1,603m	€902m	€701

Láimhdeachas

D'ardaigh láimhdeachas don bhliain €191m. An chúis a bhí leis sin ardú €159m in ioncam leictreachais agus ardú €32m in ioncam eile. Tá roinnt fachtóirí ciontach as an ardú in ioncam leictreachais, lena n-áirítear fás margaidh foriomlán, arduithe tairifí ar dhíol leictreachais le custaiméirí críochnaitheacha ó Sholáthar Custaiméirí agus díolacháin iomaíocha breise i dTuaisceart Éireann. Áirítear ar na harduithe tairifí chuig custaiméirí críochnaitheacha ó Sholáthar Custaiméirí suim €40m, mar choigeartú ceadaithe d'aisghnóthú ioncaim bhliantúil roimh 2003.

Léiríonn an t-ardú in ioncam eile obair tionscadail innealtóireachta breise i réimsi mar thógáil fheirmeacha gaoithe chomh maith le níos mó gníomhaíochta ar mhargadh fóinteacha na Ríochta Aontaithe.

Brabús roimh Ús agus Cáin

D'ardaigh brabús don bhliain €103m go €354m. Bhí roinnt cúiseanna leis sin lena n-áirítear breis díolachán leictreachais, aisghnóthú ioncaim ó bhlianta roimhe sin, fás ar ioncaim eile agus níos mó brabúis ó chomhfhiontair, agus lánbhliain oibríochta ó thaobh ghléasra giniúna Synergen ba chúis leis sin. Chomh maith leis sin laghdaigh costais fuinnimh, a léirigh aschur níos lú ó stáisiúin BSL mar tháinig táirgeoirí neamhspleácha isteach sa mhargadh giniúna.

In aghaidh na n-athruithe maithe sin tharla i 2003 costais níos airde párolla, níos mó dímheasa agus arduithe ar chostais oibríochta eile. Chomh maith leis sin bhí dhá choigeartú dochar sócmhainní maidir le sócmhainní Telecoms Fibre-Optic, sócmhainní giniúna Hydro áirithe.

Díbhinn

Ba í 2002 an chéad bhliain ar íoc BSL díbhinn. Ba é sin 2.01 cent in aghaidh an aonaid stoic, ar an iomlán €39.7m. Bunaithe ar thorthaí 2003 tá sé i gceist ag an mBord díbhinn 3.39 cent, nó €67.1m ar an gcomhiomlán a íoc.

Caiteachas caipitil

D'ardaigh caiteachas caipitil €430m go €1,294m, an ceann is airde fós do BSL agus léiriú maith ag BSL go bhfuil sé i gceist acu infrastruchtúr ar chaighdeán domhanda a chur ar fáil d'Éirinn. Tá sé i gceist go n-ardódh caiteachas caipitil tuilleadh in 2004.

Léiríonn an tábla seo a leanas scaipeadh an chaiteachais caipitil le linn 2003, i gcomparáid le 2002:

	2003 €m	2002 €m	Athrú €m
Ceangailtí nua	164	144	20
Gréasáin Dáiliúcháin	375	260	115
Gréasáin Tarchuir	111	136	(25)
Giniúint nua/Fuinneamh athnuachana	256	117	139
Stáisiún Cumhachta Coolkeeragh i dTÉ	80	68	12
Stáisiún Cumhachta Amorebieta sa Spáin	200	18	182
Caiteachas TE	61	38	23
Infheistíocht eile in áitribh, iompar, srl.	47	83	(36)
	1,294	864	430

Chuirfeadh roinnt staitisticí oibríochtaí na huimhreacha seo i gcomhthéacs. Ba iad an líon ceangailtí nua sa ghnó Dáiliúcháin ar an iomlán os cionn 77,000, suas ó 63,000 i 2002. Mar chuid den chlár chun athnuachan a dhéanamh ar an ngréasán Dáiliúcháin atá ann cuireadh 17,000 kilometre in áit na gceann a bhí ann in 2003, i gcomparáid le thart ar 6,000 in 2002. Is é an sprioc den chineál céanna do 2004 20,000 kilometre.

Is ionann an infheistíocht i dtionscadail ghiniúna nua agus athnuachana fuinnimh i 2003 go príomha caiteachas ar stáisiúin móna nua i Lár na Tíre, gléasra acmhainne ard chomh maith le líon na dtionscadal feirmeacha gaoithe in Éirinn.

Tá sé i gceist stáisiún cumhachta Coolkeeragh i dTuaisceart Éireann a bheith coimisiúnaithe agus tosú ar tháirgeadh tráchtála go luath i 2005 agus déanfaidh sin comhlánú ar an ngnó soláthair iomaíoch atá againn i dTuaisceart Éireann. Tá an stáisiún in Amorebieta i dTuaisceart na Spáinne ceaptha tosú ag táirgeadh i Samhradh 2005.

D'ardaigh caiteachas caipitil €430m go €1,294m, an ceann is airde fós do BSL agus léiriú maith ag BSL go bhfuil sé i gceist acu infrastruchtúr ar chaighdeán domhanda a chur ar fáil d'Éirinn.

Tá BSL tiomanta éascú a dhéanamh d'oscailt an mhargaidh leictreachais in Éirinn. Ar an gcúis sin agus tar éis comhchomhairle iomlán le CER caitheadh breis is €40m caipitil ar chórais nua TE lena chur ar chumas soláthróirí leictreachais eile dul san iomaíocht ar an margadh in Éirinn.

Is príomhthiománaí ar phraghas leictreachais leanúint le hinfheistíocht caipitil go háirithe san infrastruchtúr náisiúnta agus bíonn tionchar díreach aige ar riachtanas BSL iasachtaí sa bhaile agus thar lear a ardú. Mar a léirítear sa Tábla thíos tá BSL ag maoiniú faoi láthair an chuid is mó dá chlár caipitil ó fhiacha nua.

Sreabhadh Airgid agus Glanfhiach

Léiríonn an tábla thíos an gaol idir brabús coinnithe agus an t-ardú i nglanfhiach.

Cuntas Brabúis & Caillteanais €m		Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid €m
326	Brabús Oibríochta	326
28	Brabús/Díbhinní ó Chomhfhiontair	15
	Dímheas & amúchadh	297
(105)	Ús agus Cáin	(77)
(67)	Díbhinní	(20)
	Soláthair & caipitil oibre	(91)
	Caiteachas caipitil	(1,151)
182	Brabús Coinnithe/Glanfhiach is airde	**(701)**

Árdaíodh glaniasachtaí €701 ó Nollaig 2002.

Breithníodh an dtabharfaí ráta creidmheasa do BSL chun cistí a bhailiú tríd na margaí bannaí poiblí. Sholáthair tarraingt atá ag síorfhás agus iomaíochas mhargadh Láithriú Príobháideach SA malairt foinsí cistí agus bhain den ghá le ráta creidmheasa mar a samhlaíodh é. I Nollaig 2003 d'fhógair BSL gur éirigh leo ceann de na margaí airgeadais láithrithe is mó in Éirinn a thabhairt chun críche. Tugadh an margadh de US$1.034bn a dhéanfaidh maoiniú ar fheabhsúcháin mhór ar infrastruchtúr cumhachta na hÉireann chun críche sna SA an 15 Nollaig, 2003.

Chomh maith leis an láithriú príobháideach chuaigh BSL isteach freisin i saoráid creidmheasa rothlach de €500m ar leithligh. Tarraingeofar ar an tsaoráid an uair agus an tslí is gá sin agus bunaíodh í chun a chinntiú go mbeidh leachtacht ar fáil seasta agus chun cuidiú leis an gclár maoinithe foriomlán.

Go luath i 2003 tugadh chun críche saoráidí airgeadais tionscadail neamhinchúrsaithe de bhreis is €600m do thionscadal Amorebieta in aice le Bilbao i dtuaisceart na Spáinne. Nuair is cuí bainfear leas as fiach neamhinchúrsaithe chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail sa bhaile agus go hidirnáisiúnta chun ísliú a dhéanamh ar riosca tionscadal más féidir cistí a bhailiú ag rátaí tarraingteacha.

Leanfaidh BSL ag déanamh infheistíocht mhór in infrastruchtúr thar chúig bliana. Dá réir sin meastar go n-ardóidh glanfhiach go mór sa ghearrthéarma, de réir mar a sháróidh méid an chlár infheistíochta caipitil atá pleanáilte an sreabhadh airgid sa ghnó. Éileoidh sin ar a laghad tuilleadh iasachtaí i 2004 agus 2005.

Bainistíocht Riosca Airgeadais

BAINISTÍOCHT CISTE

Creat Oibre d'Oibríochtaí Grúpchiste

Tá polasaithe ceadaithe ag an mBord do phríomhréimsí rioscaí airgeadais an Ghrúpa. Áirítear orthu sin riosca a bhaineann leis an margadh mar rátaí úis, leachtacht agus malairt coigríche, agus rioscaí a bhaineann le creat oibre rialaithe an chiste laistigh den Ghrúpa. Tá an Grúpchiste freagrach as gach gníomhaíocht ciste don Ghrúpa de réir polasaí ceadaithe an Bhoird, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais, idirbheartaíochtaí malairt coigríche, maoiniú, fiach agus riosca creidmheasa frithpháirtí. Tá gníomhaíocht Ciste faoi réir athbhreithniú rialta agus monatóireachta ag an gCoiste Airgeadais, fochoiste de chuid an Bhoird.

Baintear úsáid as ionstraimí díorthaitheacha le laghdú a dhéanamh ar roinnt rioscaí airgeadais, ag comhlíonadh Sonraíochtaí an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi choimirce an Achta d'Idirbheartaíochtaí Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Comhalachtaí Eile 1992. Údaraíonn an tSonraíocht sin do chomhlachtaí leathstáit ionstraimí díorthaitheacha áirithe a úsáid agus sonraíonn an tslí ar chóir iad a idirbheartú. Ní bhíonn an Grúpa ag gabháil do thrádáil amhantrach in ionstraimí airgeadais díorthaitheacha.

Bainistíocht Malairte Eachtraí agus Bainistíocht Ráta Úis

Déantar an chuid is mó de ghnó an Ghrúpa in Éirinn nó laistigh den Eoraip. Tá an chuid is mó de shreabhadh airgid infheistíochta agus oibríochta mar sin in Euro. Tagann nochtadh do mhalartú eachtrach ó íocaíochtaí do (i) bhreosla agus ábhair agus seirbhísí eile (ii) íocaíochtaí malairte eachtraí infháltais nuair a sheoltar gnó lasmuigh de chrios an Euro agus (iii) fiach a beidh ainmnithe in airgeadra eachtrach.

Bainistíonn an grúpa an chuid is mó de nochtadh do mhalartú eachtrach a bhaineann le breosla in aghaidh mheicníocht théarnamh praghas breosla bunaithe ar innéacsuithe a comhaontaíodh le CER agus a cheadaigh an Bord in 2002. Déantar íocaíochtaí ábhartha eile atá ainmnithe in airgeadra eachtrach agus infháltais a fhálú mar is cuí. Is é polasaí an Ghrúpa iasacht a fháil díreach in Euro nó aon airgeadra eachtrach a aistriú go Euro (trí ionstraimí díorthaitheacha a úsáid), ach ar ócáidí sonracha ina ndéantar fiach atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a mheáitseáil le sócmhainn a bheidh ainmnithe go príomha in airgeadra eachtrach nó glansreabhadh ioncaim. Ag deireadh 2003 bhí 92% d'fhiach BSL go héifeachtach ainmnithe in Euro.

Is é polasaí an Ghrúpa íosmhéid de 50% den fhiachphortfóilió a bheith ag ráta socraithe úis, faoi réir costais agus réamhaisnéis margaidh. Ag deireadh na bliana bhí 92% de phortfóilió BSL ag rátaí úis socraithe le gnáthchúpón de 5% agus meánaibíocht de thart ar 10 mbliana.

Bainistíocht Leachtachta agus Airgid Thirim

Is é polasaí an Ghrúpa ná leibhéil airgid thirim a choinneáil mar is gá chun freastal ar riachtanais ghnó ghearrthéarmacha, ach amháin ar ócáidí sonracha gur chóir mar gheall ar choinníollacha margaidh fabhracha réamh-mhaoiniú, mar idirbheartú láithriú príobháideach a comhlánadh Nollaig 2003. De bharr an idirbhirt sin bhí iarmhéideanna airgid thirim ag an gCuideachta de €567m ag deireadh 2003.

Déanann an Grúpa a airgid tirim breise a infheistiú i gcuntais infheistíochta ísealriosca agus scaipeann riosca thar roinnt institiúidí.

Ag féachaint do riachtanais mhóra iasachta an Ghrúpa as seo go ceann cúig bliana tá saoráidí móra leachtachta bunaithe chun sroichint thar mhaoiniú théarma níos faide mar mhargadh bannaí poiblí nó tuilleadh láithrithe príobháideacha. Ag deireadh 2003 bhí saoráidí corparáideacha tiomanta neamhtharraingthe os cionn €1bn bunaithe.

Riosca Creidmheasa a bhaineann le Gníomhaíochtaí Ciste

Tá an Grúpa nochtaithe do riosca creidmheasa ó fhrithpháirtithe lena gcoinníonn siad a gcuntais bhainc agus lena n-idirbheartaíonn siad infheistíocht airgid thirim, malairt eachtrach agus gnó díorthaitheach leo. Is é polasaí an Ghrúpa ná a nochtadh do gach institiúid airgeadais a theorannú bunaithe ar rátáil creidmheasa glactha. Beidh nochtaidh agus teoranta bainteacha faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

Deántar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí mhandáidí déileála láidre a bhunú leis na frithpháirtithe. Níor chaill an Grúpa de bharr mainneachtain frithpháirtithe ó thaobh seachadadh ar a gcuid oibleagáidí.

Ag féachaint do riachtanais mhóra iasachta an Ghrúpa as seo go ceann cúig bliana tá saoráidí móra leachtachta bunaithe chun sroichint thar mhaoiniú théarma níos faide mar mhargadh bannaí poiblí nó tuilleadh láithrithe príobháideacha.

Cánachas

Is ionann an muirear cánachas i 2003 agus an cháin reatha iníoctha agus cáin iníoctha curtha siar ar bhrabúis a saothraíodh don bhliain airgeadais.

Coigiltis agus Éaluithe PACT

Is éard atá as Chlár le hIomaíochas agus Aistriú a Bhaint Amach (PACT) ná comhaontú idir BSL agus Grúpa Ceardchumann BSL i 2001. Is é an cuspóir atá le PACT éifeachtacht costas a ardú, cleachtais oibre nua agus níos éifeachtaí a thabhairt isteach, líon na foirne a laghdú agus éascú a dhéanamh ar fhostú conraitheoirí seachtracha i ngníomhaíochtaí lárghréasáin agus giniúna.

Go dtí seo tá buntáistí móra as PACT ag BSL. Tá comhlánú déanta ar acmhainní inmheánacha ag conraitheoirí seachtracha ar baineadh leas astu chun obair thógála caipitil a dhéanamh i nGréasáin BSL agus cóiriú stáisiún i nGiniúint Chumhachta. Rinneadh réasúnú ar chleachtais oibre agus tá atheagrú déanta ar chuid mhaith feidhmeanna riaracháin chun éascú a dhéanamh ar an deachleachtas is fearr san aicme agus ar chórais TE. Tá líon na foirne go háirithe sna gnóthaí láir leictreachais laghdaithe breis is 1,000 ó 2001.

Léiríonn coigiltis airgeadais de bharr PACT laghduithe bunúsacha párolla de €48m agus coigiltis eile go háirithe i réimse fála agus costais riaracháin de €47m. Tá BSL tiomanta d'fheidhmiú iomlán PACT agus chun coigiltis airgeadais agus laghdú foirne pleanáilte a bhaint amach.

Scéim Pinsin

Tá riachtanais Thuairisciú Airgeadais Chaighdeán 17 áirithe sna Nótaí leis na Cuntais, de réir rialacha athraithe do ghlacadh an chaighdeáin cuntasaíochta seo. Tá staid mhaoinithe fhadtéarma an Scéim Pinsin agus na rannícoa riachtanacha bunaithe áfach ar luacháil achtúireach tríbhliantúla fhoirmiúil. Tá an t-achtúire Scéime ag déanamh luacháil achtúireacht den sórt sin faoi láthair amhail an 31 Nollaig 2003.

Ag Féachaint Chun Cinn

Thar na blianta amach romhainn tá roinnt dúshlán oibríochtúil agus airgeadais roimh BSL. I dtéarmaí airgeadais seo a leanas roinnt príomhréimsí le haird a thabhairt ag an mbainistíocht orthu:

- na leibhéil fiacha atá ag ardú go tapa á dtiomáint ag an gclár infheistíochta caipitil leanúnach,
- rialú costas,
- spriocanna PACT a bhaint amach go hiomlán agus
- bainistiú athraitheachas breosla agus costais timpeallachta.

Príomhcheisteanna a bheidh iontu sin sna blianta amach romhainn le himpleachtaí tromchúiseacha acu do phraghas fuinnimh in Éirinn.

Athbhreithniú Ghiniúint Chumhachta

Athbhreithniú Airgeadais

	2003 €m	2002 €m	Athrú €m
Láimhdeachas			
- Inmheánach	883.6	856.3	27.3
- Seachtrach	97.4	193.6	(96.2)
Brabús roimh ús agus cáin	62.0	30.4	31.6
Caiteachas Caipitil	270.0	138.7	131.3

Láimhdeachas

I 2003 ba í an phríomhfhoinse ioncaim do Ghiniúint Chumhachta ná díolacháin le Soláthar Custaiméirí agus díolacháin Bairr le táirgeoirí neamhspleácha. Thit láimhdeachas iomán €69 m i 2003 rud a léirigh laghdú Ghiniúint Chumhachta i scair an mhargaidh ó 85% i 2002 go 69% i 2003.

Brabús roimh Ús agus Cáin

Bhain Giniúint Chumhachta lena n-áirítear Power Generation Holdings brabúis de €62m amach le linn 2003. Measadh gur feidhmíocht mhaith é sin i gcomhthéacs bhliain chrua ó thaobh fheidhmíocht gléasra agus tá áirithe ann na costais ba chóir do Ghiniúint Chumhachta a aisghnóthú sna blianta amach anseo faoin réimeas rialála atá ann.

Caiteachas Caipitil

Le linn 2003 thug Giniúint Chumhachta faoi chlár caiteachais caipitil mhóir leis an bpríomhinfheistíocht ar fhorbairt leanúnach stáisiúin nua móna agus gléasra ardchumais a shuiteáil. Ag féachaint chun cinn leanfaidh an clár caipitil seo ar feadh roinnt blianta amach romhainn le hinfheistíocht phleanáilte d'athchumhachtú Aghada, gléasra a uasghrádú le go gcinnteofar reachtaíocht maidir le comhshaol agus tuilleadh forbartha ar ár gclár gaoithe.

Is dúshlán mór é sin do Ghiniúint Chumhachta, ach táimid muiníneach go bhfuil an saineolas teicniúil agus tráchtála againn chun na pleananna sin a thabhairt chun fíre agus ar an mbealach sin portfóilió iomaíoch de ghléasra éifeachtach a sheachadadh ar mhaithe lenár gcuid custaiméirí, agus an margadh fuinnimh atá ag éabhlú sa mhargadh ina bhfuilimid páirteach.

Breosla

Is ionann agus thart ar 50% de chostais oibríochta Ghiniúint Chumhachta costais bhreosla agus tá sé ar cheann de na hionchuir chostais is airde ó thaobh phraghas leictreachais. Ceannaíonn Giniúint Chumhachta a mbreosla ar na margaí breosla domhanda agus déantar é a thagarmhárcáil go neamhspleách ag CER in aghaidh léirithe praghsanna margaidh foilsithe. Ionann agus 2002 fuair Giniúint Chumhachta a gcuid breosla ag na léirithe foilsithe thíos nó fúthu agus chuidigh sin go mór lena chinntiú go seachadfar fuinneamh ar an bpraghas is ísle chuig an margadh agus chuig ár gcustaiméirí.

Tá margaí breosla de réir a nádúir athraitheach agus le tairiff a léiríonn costais thrédhearcacha mar ghné den mhargadh nua, is féidir le custaiméirí a bheith ag súil go mbeidh an t-athraitheacht sin mar fhachtóir a mbeidh tionchar aici ar phraghsanna leictreachais ag dul chun cinn.

Athbhreithniú Oibríochta

Áirítear ar Ghiniúint Chumhachta gach sócmhainn ghiniúint chumhachta in úinéireacht agus á oibriú ag BSL i bPoblacht na hÉireann. Ag deireadh 2003 ba é a n-iomlán 4,705MW d'acmhainn shuiteáilte, lena n-áirítear scair 70% de Synergen, gléasra cumhachta neamhspleách 400MW san Rinn i mBaile Átha Cliath.

Tríd an nGrúpa Power Generations Holdings, feidhmíonn Synergen agus raon de thionscadail fuinnimh inathnuachana ar leithligh ó chuid eile de Ghiniúint Chumhachta faoi cheadúnais CER a éilíonn fálú dian ar oibríochtaí.

Leagann na míreanna seo a leanas amach an dul chun cinn in aghaidh príomhthosaíochtaí Ghiniúint Chumhachta le linn 2003.

Sábháilteacht

Bhí sábháilteacht riamh ar cheann de na bunchuspóirí agus is é an aidhm atá againn timpeallacht shláintiúil saor ó ghortuithe a chruthú agus a chothabháil. Ba í an eachtra áfach a ghoill ar an mbliain ná an tubaist a tharla in ár ngléasra ag Tairbeart inar bhásaigh beirt dár gcomhghleacaithe agus inar gortaíodh duine eile go dona. Léirigh an tubaist sin arís an tábhacht atá leis an mbunchuspóir ó thaobh timpeallacht shlán saor ó ghortuithe a chruthú i nGiniúint Chumhachta. Tá fiosrúchán iomlán críochnaithe againn anois faoin timpiste agus tá bainisteoir tionscadal ceaptha lena chinntiú go ndéanfar gach moladh a tháinig as an bhfiosrúchán a fheidhmiú go hiomlán i ngach áit. Tríd is tríd tháinig feabhas ar fheidhmíocht sábháilteachta i rith 2003 agus an treócht síos ó thaobh timpistí cailliúint ama.

Gléasra

Ó thaobh acmhainne lean 2003 ina bliain an-chrua le laghdú ar fáil gléasra (de bharr obair a bhí riachtanach chun gléasra atá ag éirí sean a choinneáil ag obair), an t-ardú leanúnach sa bheannéileamh do leictreachas, chomh maith le hiomaitheoirí a bheith ag teacht isteach sa mhargadh níos moille ná mar a ceapadh.
Chun freastal a dhéanamh ar éileamh, ar cheadú a fháil ó CER, rinne Giniúint Chumhachta conradh le Leictreachas Thuaisceart Éireann chun cumhacht a allmhairiú as Tuaisceart Éireann agus suiteáil chomh maith ar gléasra le buaic-acmhainn de 104 MW i gCorcaigh agus i Maigh Eo. Ba é an toradh iomlán a bhí air sin 274 MW de ghiniúint leictreachais a bheith ar fáil faoi dheireadh na bliana. Tar éis roinnt mhaith blianta de shuiteáil ard stáisiún (chun freastal ar ardú ar éileamh) bhí an deis ag Giniúint Chumhachta a chlár cóirithe gléasra is mó le cúig bliana a sheachadadh i 2003. Chuidigh sé sin go mór le fáil gléasra le linn cheathrú deiridh na bliana agus chuidigh le freastal a dhéanamh ar riachtanais acmhainne an chórais tríd is tríd.

Thug Giniúint Chumhachta chun cinn freisin go maith a chlár caiteachais caipitil atá dírithe ar athstruchtúrú a dhéanamh ar a phortfóilió gléasra. Tá tógáil dhá stáisiún mhóna an-nua aimseartha a fheidhmeoidh agus a mbeidh foireann ann ar chaighdeán deachleachtais idirnáisiúnta fós ag comhlíonadh an sprioc ó thaobh a bheith ag feidhmiú ag deireadh 2004 agus go luath i 2005. Rinneadh dul chun cinn maith i 2003 ó thaobh dhúnadh pleanáilte seanstaisiúin mhóna - Ród, Cathair Saidhbhín agus aonad mhóna amháin i mBéal Atha Liag.

Leanamar ag forbairt ár ngnó fuinnimh inathnuachaa agus táimid ag déanamh dul chun cinn le tógáil roinnt feirmeacha gaoithe. Is dóigh go gcuirfidh an moratorium a tugadh isteach le gairid ar naisc eangaí nua moill ar thionscadail eile atá pleanáilte. Cuireadh moill ar fheirm ghaoithe 60MW ag Doire Uí Bhriain i nDeireadh Fómhair nuair a tharla sciorradh talún móna in aice leis an suíomh. Tá Giniúint Chumhachta trína fhochomhlacht Hibernian Wind Power tiomanta go hiomlán moltaí na dtuairiscí teicniúla faoin eachtra a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh an suíomh slán amach anseo.



AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH …Tá tógáil dhá stáisiún mhóna an-nua aimseartha a fheidhmeoidh agus a mbeidh foireann ann ar chaighdeán deachleachtais idirnáisiúnta fós ag comhlíonadh an sprioc…

Custaiméirí agus an Margadh Fuinnimh

Ag deireadh na bliana bhí scair mhargadh Ghiniúint Chumhachta laghdaithe go 69% agus le dhá ghineadóir cumhachta iomaitheacha nua ag teacht isteach sa mhargadh táimid ag baint an sprioc amach ó thaobh ár scair den mhargadh a laghdú go 60% sna blianta amach romhainn. Léiríonn an tábla seo a leanas an laghdú ar aschur Ghiniúint Chumhachta, ag léiriú go príomha teacht Synergen agus stáisiún Hunstown isteach sa mhargadh.



Le linn 2003 rinne Giniúint Chumhacht ceant ar 400MW de ghiniúint mórdhíola le lascaine chuig soláthróirí neamhspleácha, chun cuidiú le forbairt leanúnach mhargadh leictreachais iomaíoch in Éirinn. Chuir Giniúint Chumhachta cumhacht bhreise ar fáil d'iomaitheoirí mar a héilíodh ag praghsanna rialaithe. Cheannaigh BSL ag praghsanna rialaithe táirgeadh leictreachais ag cuideachtaí giniúna iomaíocha a bhí sa bhreis ar a riachtanais dá gcuid custaiméirí féin. Tá comhshocruithe díola agus ceannaigh BSL ar fáil do rannpháirtithe an mhargaidh chun cóimheá a dhéanamh ar aschur agus éileamh agus chun riosca a bhainistiú i margadh atá ag forbairt.

Le linn na bliana rinne Giniúint Chumhachta comhdhlúthú ar a acmhainn nuafhorbartha i dtrádáil agus i bhainistiú riosca sna margaí breosla, chun costas foriomlán breosla a laghdú agus chun fuinneamh mórdhíola a sheachadadh ar an gcostas is ísle chuig ár gcuid custaiméirí. Mar fhocail scoir ba bhliain ghníomhach a bhí i 2003 ó thaobh cuidiú le fóraim tionscail ar fhorbairt chomhshocruithe margaidh mórdhíola níos faide ar aghaidh ná 2005. Is é aidhm Ghiniúint Chumhachta ná cuidiú le comhshocruithe a shainiú a bheidh cothrom do na rannpháirtithe margaidh ar fad agus ag an am céanna ag cinntiú an luach is fearr do na custaiméirí.

Timpeallacht

Feidhmíonn gléasraí teirmeacha Ghiniúint Chumhachta ar fad faoi chóras cheadúnú IPC. Tá Córais Bainistíochta Timpeallachta (EMS) le creidiúnú ISO 14001 ag na gléasraí cumhachta teirmeacha ar fad seachas Béal Átha Chomhraic agus Béal Átha Liag. Tá EMS neamhchreidiúnaithe i bhfeidhm ag Béal Átha Chomhraic. Tá aschur NOx agus SO2 do 2003 de réir teorainneacha eisiltí comhaontaithe leis an Rialtas. Rinneadh cuid mhaith dul chun cinn le linn na bliana ó thaobh luacháil a dhéanamh ar thionchair theicniúla agus airgeadais threoracha éagsúla ón AE faoin timpeallacht ar Ghiniúint Chumhachta agus ó thaobh ionchur a dhéanamh i ndíospóireachtaí náisiúnta ar na hábhair sin. Fócas faoi leith a bhí ann ná comhaontú a dhéanamh faoi na roghanna teicniúla a bhí ann do Moneypoint mar go gcaithfear príomhcinntí a dhéanamh faoi thodhchaí an ghléasra sin le linn 2004.

Ag Féachaint chun cinn

Tá Giniúint Chumhachta ag feidhmiú i dtimpeallacht nua, ceann a bheidh ag athrú de réir a chéile. Sa chomhthéacs sin beidh 2004 ina bliain dhúshlánach eile don ghnó.

Ag féachaint chun cinn ar na dúshláin a bheidh amach roimh an ngnó beidh:

- Timpeallacht shlán saor ó ghortuithe a chruthú agus a chothabháil,
- Clár athchóirithe mór ar ghléasraí a thabhairt chun críche agus an clár caipitil mór a thabhairt chun cinn dírithe ar fheabhas a chur ar fháil gléasra agus athstruchtúrú a dhéanamh ar phortfóilió gléasra, chun portfóilió éifeachtach gléasra a sheachadadh a chomhlíonfaidh go hiomlán reachtaíocht timpeallachta.
- Na córais, na struchtúir agus na hinniúlachtaí a bhunú chun déileáil le margadh mórdhíola nua, agus
- Iarracht leanúnach chun feidhmíocht agus éifeachtaí airgeadais a fheabhsú.

Is é aidhm Ghiniúint Chumhachta ná cuidiú le comhshocruithe a shainiú a bheidh cothrom do na rannpháirtithe margaidh ar fad agus ag an am céanna ag cinntiú an luach is fearr do na custaiméirí.

Athbhreithniú Soláthair Custaiméirí

Athbhreithniú Airgeadais

	2003 €m	2002 €m	Athrú €m
Láimhdeachas			
- Inmheánach	28.0	17.7	10.3
- Seachtrach	1,632.4	1,487.7	144.7
Brabús roimh ús agus cáin	88.7	(12.1)	100.8
Caiteachas Caipitil	2.8	2.0	0.8

Láimhdeachas

D'ardaigh díolacháin leictreachais €145m i 2003 go €1,632m. Léiríonn an feabhsúchán tairifí custaiméirí níos airde i 2003 in aghaidh 2% de laghdú i margadh scair ar an iomlán go 69%.

Brabús roimh Ús agus Cáin

D'fheabhsaigh feidhmíocht airgeadais Soláthair Custaiméirí BSL ó chaillteanas €12.1m i 2002 go brabús €88.7m i 2003. Léiríonn an toradh tionchar €40m d'ioncam curtha siar i mblianta roimhe sin, ardú praghsanna agus lagdú níos lú ar mhargadh scair ná mar a ceapadh a bheadh ann nuair a bheadh tairifí leictreachais socraithe. Tabharfar an t-aisghnóthú seo ar thairifí i 2003 de bharr margadhscair níos airde ar ais chuig na custaiméirí mar chuid de phróiseas athbhreithnithe praghais leictreachais i 2004 agus 2005.

Léiríonn an athraitheacht ó thaobh brabúis i Soláthar Custaiméirí bliain ar bhliain na hathruithe ama idir costais agus ioncaim atá mar chuid de na foirmlí Rialála a rialaíonn socrú tairifí. Ní féidir brabús fírinneach bunúsach an ghnó a fheiceáil ach thar thréimhse trí bliana. Léiríonn na torthaí do 2001 - 2003 meánbhrabús bunúsach bliantúil de €20m ar dhíolacháin leictreachais arb ionann é agus corrlach rialaithe ceadaithe de bhreis is 1% ar láimhdeachas.

Athbhreithniú Oibríochta

Soláthraíonn Soláthar Custaiméirí leichtreachas chuig gach custaiméirí bunaithe ar thairifí foilsithe a bhíonn ceadaithe ag CER. Soláthraíonn na tairifí foilsithe praghas margadh ar féidir le Soláthróirí Neamhspleácha lascaine a thabhairt chun margadh sciar a bhaint amach ó Sholáthar Custaiméirí. Le linn 2003 d'fhás líon custaiméirí 57,000, arís ag léiriú an méid gníomhaíochta a bhí i dtógáil tithe nua agus sa gheilleagar go ginearálta. Bhí an margadhsciar ar an iomlán thíos beagán ar 2002 ag léiriú teacht isteach ar an margadh níos moille ag rannpháirtithe neamhspleácha nua agus leibhéal íseal glactha ag Soláthróirí Neamhspleácha ó thaobh táirgeadh giniúna ar lascaine ó Ghiniúint Cumhachta le linn 2003. D'oscail an margadh Soláthair foriomlán go 40% i 2003 ag cur an deis ar fáil soláthróirí a roghnú chuig 1,200 custaiméir eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH Soláthar Custaiméirí BSL. Is é príomhfhócas straitéiseach an ghnó ná seachadadh a dhéanamh ar fheabhsúcháin leanúnacha i raon agus i gcaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear do chustaiméirí.

Custaiméirí

Sholáthair Soláthar Custaiméirí raon leathan seirbhísí fuinnimh agus seirbhísí gaolmhara dá 1.78 m custaiméirí le linn 2003. Is é príomhfhócas straitéiseach an ghnó ná seachadadh a dhéanamh ar fheabhsúcháin leanúnacha i raon agus i gcaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear do chustaiméirí ach ag laghdú 'costais freastail'. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn le linn 2003 in aghaidh na gcuspóirí atá leagtha amach thíos:

- D'eisigh Soláthar Custaiméirí 11 milliún billí agus bhailigh €1.6bn in ioncam thar cheann ghrúpa BSL le linn 2003. Ag an am céanna breithníodh an líon gearán arna dtomhas ag ELCOM 'a bheith an-bheag nuair a ghlactar scála na ngníomhaíochtaí tráchtála san áireamh'. Ainneoin sin bunaíodh Córas nua Gearán Custaiméirí le linn 2003. Ní raibh an fócas dírithe ar bhriseadh síos i seirbhís as ar tháinig gearáin fhoirmiúla ó chustaiméirí a cheansú amháin ach ceansú a dhéanamh ar gach ceist a réitítear ag an líne tosaigh chun a chinntiú go bhfeabhsaítear córais agus próisis le freastal ar riachtanais agus ionchais chustaiméirí.

- I rith na bliana leathnaíodh tuilleadh soláthar saoráidí íocaíochta billí. Anois chomh maith le siopaí BSL is féidir billí a íoc in Oifigí Poist agus ag áiteanna Paypoint ar fud na tíre. Tá rochtain anois ag custaiméirí ar 1,600 aschur íocaíochta nua. Príomhghné a bhí sa leathnú sin ó thaobh deis a thabhairt don ghnó 27 siopa seirbhíse a dhúnadh le linn 2003, ag cuidiú ar an mbealach sin le costais tríd is tríd a laghdú ach ag an am céanna ag cur feabhais ar an leibhéal seirbhíse do chustaiméirí.

- Is é an tIonad Teagmhála Custaiméirí Náisiúnta (NCCC) anois an pointe príomha teagmhála le custaiméirí. Le linn 2003 láimhseáil NCCC glaonna ó 2.85 milliún custaiméir agus ag an am céanna lean ag soláthar feidhmíocht láidir seirbhíse. Tá an-bhród ar Sholáthar Custaiméirí BSL a chur ar taifead gur bhuaigh duine de ghníomhairí NCCC Joy Clifford, an Irish Contact Centre Agent of the Year Award i mí na Samhna.



- Soláthraíonn Soláthar Custaiméirí BSL raon leathan feasacht fuinnimh agus comhairle éifeachtúlachta chuig custaiméirí lena chinntiú go bhfaigheann siad uasluach as airgead ón táirge. Gach bliain déantar seachadadh ar choigiltis fuinnimh iarbhír do gach custaiméir Grúpa, in aghaidh tairgéidí leagtha síos ag CER. I 2003 sáraíodh na tairgéidí sin agus cuidíodh le custaiméirí os cionn luach €3m de choigiltis fuinnimh bhliantúla a bhaint amach.

Ag féachaint chun cinn

Ba é an toradh a bhí ar athbhreithniú tairifí 2004 arna cheadú ag CER i Meán Fómhair ná meán ardú de thart ar 5% i bpraghsanna leictreachais miondíola Soláthar Custaiméirí BSL. Beidh feidhm leis na tairifí nua ó Eanáir 2004.

I 2004 ceann de phríomhghnéithe straitéis gnó ná leanúint ag infheistiú i dteicneolaíocht agus athrú próisis. Cuirfidh an infheistíocht sin le taithí agus le tiomantas na foirne le go bhféadfaidh an gnó leanúint ag seachadadh seirbhís ardchaighdeáin a dhéanann freastal ar ionchais chustaiméirí agus ar dhúshlán an mhargaidh oscailte iomláin i 2005.

Is dúshlán mór i 2004 córas nua billí a fheidhmiú a bheidh riachtanach chun tacú le forbairt an mhargaidh iomaíoch. Teastóidh tiomantas mór acmhainní ó thaobh foirne a bhfuil taithí acu ar fud ghnó Sholáthar Custaiméirí ar fud BSL chun an mórthionscadal sin a sheachadadh.

Athbhreithniú Ghréasáin BSL

Athbhreithniú Airgeadais

	2003 €m	2002 €m	Athrú €m
Láimhdeachas			
- Inmheánach	689.9	620.4	69.5
- Seachtrach	159.3	114.7	44.6
Brabús roimh ús agus cáin	216.1	211.8	4.3
Caiteachas Caipitil	671.7	574.4	97.3

Láimhdeachas

Is éard atá sa láimhdeachas go príomha úsáid ioncam chóras Dáiliúcháin agus Tarchuir, a chinneann CER araon. D'ardaigh láimhdeachas €114m i 2003, €43m de atá dlite dul trí tobhach PSO i 2003. An chúis atá le hiarmhéid an ardaithe ná boilsciú agus níos mó infheistíochta sna gréasáin.

Brabús roimh Ús agus Cáin

Léiríonn an leibhéal brabús sna gnóthaí gréasán nádúr dian caipitil an ghnó agus na leibhéil infheistíochta arda reatha. Faoin bhfoirmle ioncaim rialála is é an t-ioncam a shaothraigh Gréasáin an méid is lú is gá chun an infheistíocht caipitil sna Gréasáin Dáiliúcháin agus Tarchuir a mhaoiniú. Meastar gur ioncam measartha é an t-ioncam sin i gcomparáid le slata tomhais infheistíochta neamhrialáilte.

Caiteachas Caipitil

Tá Gréasáin BSL ag tabhairt faoi láthair faoi chlár infheistíochta mór chun uasghrádú, forbairt agus athnuachan a dhéanamh ar ghréasáin dáiliúcháin agus tarchuir. Ba é an caiteachas iomlán in 2003 ná €672m, an méid is airde a sroicheadh riamh i mbliain ghnó. Tá tiománaithe an chaiteachais sin leagtha amach san athbhreithniú oibríochta thíos.



Athbhreithniú Oibríochta

Is éard iad Gréasáin BSL na gnóthaí infrastruchtúir ghréasáin tarchuir agus dáiliúcháin i bPoblacht na hÉireann. Áirítear ar na gníomhaíochtaí pleanáil, tógáil, cothabháil agus oibriú na ngréasán. Is custaiméirí de chuid Ghréasáin BSL iad gach custaiméir leictreachais mar úsáideoirí ghréasán dáiliúcháin agus tarchuir is cuma cé hé an soláthróir. Rialaíonn CER Gréasáin BSL.

Tá Gréasáin BSL freagrach freisin as seirbhísí margaidh a sholáthar do gach rannpháirtí margaidh chun a chur ar chumas an mhargaidh leictreachais iomaíocht a fheidhmiú. Áirítear ar na seirbhísí sin róil oibritheoir méadar, bailiú sonraí (léamh méadar) agus Oibritheoir Córas Cláraithe Méadar (MRSO). Beidh an margadh soláthair oscailte do gach custaiméir faoi Fheabhra 2005. Tá Gréasáin BSL ag gabháil anois do sheachadadh mór chlár infheisíochta TE agus d'athrú tábhachtach phróiseas gnó leathan chuig feidhmiú éifeachtach margadh lánoscailte.

Mar chuid den phróiseas oscailt an mhargaidh agus ag comhlíonadh treoracha ón Eoraip agus reachtaíocht náisiúnta déanfar oibriú an chórais tarchuir a sheoladh neamhspleách ar BSL. Eisíodh an ceadúnas d'Oibríocht Chóras Tarchuir i 2003 chuig EirGrid cpt, cuideachta neamhspleách. Leanann TSO áfach, go dtí go dtiocfaidh ceadúnas TSO faoi lánéifeacht ag oibriú Eangach Náisiúnta BSL ar bhonn fálaithe.

Sábháilteacht

Is croíluach ag Gréasáin BSL sábháilteacht custaiméirí, foirne agus conraitheoirí. Siúd is go bhfuil feabhas mór tagtha ar shábháilteacht tríd is tríd le roinnt bliana bhí tubaiste mhór ann i 2003 nuair a bhásaigh beirt chonraitheoirí i dtimpiste. Tá dúshlán mór fós ann an fhís a bhaint amach nach ndéanfar duine ar bith a ghortú agus iad ag déileáil leis na gréasáin.

Is tiománaí lárnach sábháilteacht an phobail i ngach ceann de na cláir oibre agus leanfaidh an gnó ag obair chun cur le feasacht an phobail maidir leis na contúirtí a bhaineann le teagmháil leis na gréasáin trí thimpiste.

Timpeallacht

Le linn 2003 ceapadh Bainisteoir Timpeallachta i nGréasáin chun bainistiú gníomhach a dhéanamh ar oibleagáidí Bhainistiú Dramhaíola agus Timpeallachta agus lena chinntiú go mbeidh na córais chuí ag an ngnó a bheidh ag comhlíonadh reachtaíocht atá ann agus reachtaíocht atá ar an mbealach.

Custaiméirí

Tá Gréasáin BSL tiomanta scoth na seirbhíse a sheachadadh chuig custaiméirí leictreachais is cuma cé hiad a gcuid soláthróirí. Is príomhthiománaithe iad caighdeán agus leanúnachas sholáthar leictreachais sa chlár infheistíochta gréasáin. Tugadh isteach roinnt tionscnamh le linn 2003 chun feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí lena n-áirítear méan am ceangail laghdaithe, biúró lárnaithe chun láimhseáil ceangailtí a shruthlíniú agus seirbhís láimhseála fiosraithe 24 uair a chloig 7 lá na seachtaine dár gcustaiméirí móra.

Infheistíocht Infrastruchtúir

Tá Gréasáin BSL ag súil thart ar €3bn a infheistiú as seo go ceann cúig bliana ar dháileadh agus ar tharchur gréasán. Tá léirithe ag BSL trí fhás ar chaiteachas caipitil le roinnt blianta go bhfuil an cumas acu tionscadail mhóra infrastruchtúir a sheachadadh in am agus de réir spriocanna costais. Rinneadh sin trí chomhobair idir fhoireann BSL comhlánaithe ag leas níos mó a bhaint as conraitheoirí seachtracha.

Is iad na príomhthiománaithe san infheistíocht sin:

- Freastal ar an bhfás leanúnach i gceangailtí nua. Léiríonn an Tábla thíos an treócht i gceangailtí nua le roinnt blianta ag taispeáint an leibhéal is airde de bhreis is 77,000 in 2003.





- Le freastal ar an bhfás ar éileamh. Leanann an fás ar éileamh ar leictreachas ard, léirithe sna harduithe ar aonaid atá dáilte sa ghraf thuas. Tá roinnt mórthionscadal ardvoltais tarchuir dáiliúcháin tugtha chun críche ar fud na hÉireann agus tá tuilleadh pleanáilte le tacú le forbairt eacnamaíoch ar fud na tíre agus le cuidiú le straitéis spáis an Rialtais. Áirítear air sin an t-infrastruchtúr a thógáil chun cur le hacmhainn ghréasáin tarchuir lena n-áirítear feirmeacha gaoithe. Le linn na bliana tógadh 150 km de línte breise agus roinnt stáisiún ardvoltais chun cur le hacmhainn ghréasáin tarchuir.



- Chun feabhas a chur ar chaighdeán soláthair, iontaofachta, sábháilteachta agus solúbthachta. Ceann de na cláir is mó atá ar bun faoi láthair chun sin a bhaint amach ná atógáil gach gréasán tuaithe meánvoltais (MV), cuid acu atá suas le 70 bliain d'aois. Beidh an t-iomlán den ghréasán 75,000 km MV athnuaite faoi dheireadh 2005. I 2003 baineadh 16,600 kw de sin amach ar chéim mhór chun cinn í seachas an méid a baineadh amach aon bhliain eile roimhe sin. Tá sé i gceist leanúint le hathnuachan na ngréasán ísealvoltais i 2006. Léiríonn an Tábla ar chlé an infheistíocht in athnuachan ghréasan tuaithe MV.

Ag féachaint chun cinn

Bliain dhúshlánach eile a bheidh i 2004 ó thaobh infheistíocht caipitil mhór a sheachadadh chun freastal ar fhás agus chun seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh chuig custaiméirí.

Ag féachaint chun cinn áirítear ar na príomhdhúshláin eile:

- leanúint ag cur feidhmíocht sábháilteachta chun cinn mar chuid dhlúth de Ghréasáin BSL.
- cur le seirbhísí custaiméirí ó thaobh caighdeáin agus iontaofacht soláthairtí agus feabhas a chur ar na hamanna freagartha ó thaobh riachtanais chustaiméirí.
- seachadadh a dhéanamh ar an raon iomlán de chórais oscailte an mhargaidh agus ar sheirbhísí lena chinntiú go n-éireoidh le tabhairt isteach iomaíocht mhíondíola i bhFeabhra 2005,
- agus leanúint ar aghaidh le héifeachtachtaí feabhsaithe agus feidhmíocht costais lena chinntiú go mbeidh luach ar an airgead do gach custaiméir agus cuideachtaí soláthair a úsáideann gréasáin BSL.



AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH Tá Gréasáin BSL tiomanta scoth na seirbhíse a sheachadadh chuig custaiméirí leictreachais is cuma cé hiad a gcuid soláthróirí…

Athbhreithniú Fiontar Tráchtála

Athbhreithniú Airgeadais

	2003 €m	2002 €m	Athrú €m
Láimhdeachas			
- Inmheánach	186.8	195.7	(8.9)
- Seachtrach	473.2	449.9	23.3
Brabús roimh ús agus cáin	13.9	27.1	(13.2)
Caiteachas Caipitil	308.3	153.4	154.9

Láimhdeachas

D'ardaigh láimhdeachas seachtrach ag €473.2 m ar an mbliain roimhe sin €23.3 m (5%). Is éard is cúis go príomha leis an athrú sin breis gníomhaíocht i mBSL Idirnáisiúnta.

Brabús roimh Ús agus Cáin

Laghdaigh an brabús tuairiscithe go €13.9m. Tá feabhas tagtha áfach ar fheidhmíocht bhunúsach an ghnó seachas torthaí 2002 le brabúis ag ardú €19.2 m tar éis an díscríobh maidir le Fibre-Optic Network (féach Nóta 8 leis na Cuntais) a fhágáil as. Léiríonn an toradh feabhsaithe seo láimhdeachas arduithe agus infheistíocht leanúnach sa ghnó.

Caiteachas Caipitil

Lean an tógáil ar aghaidh ar ghléasraí giniúna gásthiomáinte ag Coolkeeragh i dTuaisceart Éireann agus Amorebieta i réigiún Bascach na Spáinne. Tosóidh an dá ghléasra sin a bhfuil infheistíocht caipitil de bhreis is €800m déanta iontu oibríochtaí tráchtála i 2005. Chomh maith leis cuireadh gluaiseacht faoin tionscadal margadh oscailte, a chuirfidh ar fáil an t-infrastruchtúr riachtanach TE chun cuidiú le hoscailt an mhargaidh leictreachais go hiomlán le linn 2003 agus tá sé ag baint an sprioc amach le bheith lánoibríochtúil faoi 2005.

Chríochnaigh réimse gnó ITS & Telecoms tógáil breis is 1,300 km de ghréasán teileacaim snáithín leathanbhanda i 2003. Baineadh é sin amach ar chostas níos ísle ná an gnáthbhealach trí 24 péire de shnáithín optach a chasadh ar ghréasán tarchuir leictreachais BSL.

Athbhreithniú Oibríochta

Tá Fiontair Thráchtála freagrach as gnóthaí neamhrialáilte sa Ghrúpa. Tá ceithre phríomhréimse gnó acu:

- Tá úinéireacht ag ESB International (ESBI) ar thógáil stáisiúin Coolkeeragh agus Amorebieta agus déanann bainistiú air agus bíonn siad ag gabháil freisin d'innealtóireacht chomhairleach, do thógáil agus do ghníomhaíochtaí infheistíochta i mbreis is 40 tír.
- Soláthraíonn ITS & Telecoms seirbhísí TE agus cumarsáide do BSL agus do chustaiméirí seachtracha.
- Feidhmíonn Retail/FinancElectric slabhra ar fud na tíre de shiopaí miondíola leictreachais agus soláthraíonn maoiniú creidmheasa do chustaiméirí.
- Feidhmíonn ESB Independent Energy (ESBIE) mar sholáthróir ceadúnaithe sna margaí leictreachais iomaíocha i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.
- Soláthraíonn Shared Services maoin, áiseanna bainistíochta, oiliúint, acmhainní daonna, párollaí agus seirbhsísí eile do Ghrúpa BSL.

AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH Tógáil breis is 1,300 km de gréasán teileacaim snáithín leathanbhanda in 2003.

Is é aidhm Fiontar Tráchtála méadú a dhéanamh ar an mbrabus i ngach réimse gnó ar leithligh, agus ar an mbealach sin cuidiú le fás brabúis laistigh de Ghrúpa BSL.

Leanfaidh ESBI ag forbairt gnó idirnáisiúnta ar bhfuil ag éirí leis go háirithe:

- ceapadh mar innealtóirí do thógáil ghléasra gualtiomanta 2,000 MW i Vítneam agus san Indinéis i gcomhar le páirtnéirí ESKOM (An Afraic Theas)
- thóg 40 MW de ghiniúint gaoithe mar chonraitheoir eochrach in Éirinn.
- ghlac freagracht as oibriú agus scaoileadh an eangaigh tarchuir i Georgia (USSR roimhe sin). Tá urraíocht ar an gconradh cúig bliana sin ag an mBanc Domhanda agus áirítear ann bainisteacht ar an Georgian State Electro System a bhfuil 4,500 fostaí ann.

Custaiméirí

Baineadh amach go leor i 2003 don ghnó. B'ionann custaiméirí ESBIE i bPoblacht na hÉireann agus 8% den mhargadh leictreachais iomlán ansin nó 21% den mhargadh incháilithe. Soláthraíonn ESBIE freisin raon de sheirbhísí bhreisluacha deartha dá gcustaiméirí tionsclaíocha móra. Áirítear ar an tseirbhís bhreisluacha is mó a bhfuil tóir uirthi pacáistí Bhainistíocht Fuinnimh, comhairle Éifeachtacht Fuinnimh agus seirbhísí comhchomhairle bainteacha.

Mar ullmhú do choimisiúnú Coolkeeragh go luath i 2005 d'fhás ESBIE a ghnó i dTuaisceart Éireann breis is 40% agus bhunaigh oifig i mBéal Feirste. Soláthraíonn ESBIE anois leictreachas don chuid is mó de na suímh mhóra i dTuaisceart Éireann agus is ionann a gcuid custaiméirí agus 14% de mhargadh leictreachais iomlán i dTuaisceart Éireann agus 39% den mhargadh incháilithe.

Sábháilteacht

Feidhmíonn Fiontair Thráchtála deachaighdeáin bhainistíochta gnó deachleachtais feadh na ngnóthaí in Éirinn agus thar lear. Rinneadh monatóireacht ar chomhlánú iniúchtaí sábháilteachta agus cigireachtaí sábháilteachta le linn 2003. Chuidigh an bhéim ar mhonatóireacht go mór le réimsí le feabhsú a aithint, agus léirigh go feiceálach tiomantas na bainistíochta maidir le sábháilteacht oibre. Chomh maith leis isn rinne dul chun cinn seasta ar roinnt gníomhartha sábháilteachta agus tionscnamh i 2003 agus rinneadh seachadadh chomh maith ar chuid maith oiliúna maidir le sábháilteacht.

Tá Fiontair Thráchtála tiomanta ionaid oibre agus suímh oibre saor ó ghortuithe a bhaint amach sa bhaile agus thar lear. Bunaithe ar na ceachtanna sábháilteachta a foghlaimíodh i 2003 rinne forbairt ar roinnt téamaí sábháilteachta le cur isteach i 2004 i ngach plean feabhsúcháin sábháilteachta. Áirítear ar na téamaí sin aithint, cumarsáid níos fearr agus luach níos fearr a fháil as iniúchtaí sábháilteachta.

Ag Féachaint chun cinn

Tá súil againn go bhfeicfear sa bhliain amach romhainn fás seasta i bhFiontair Thráchtála ó thaobh láimhdeachais agus brabúsachta. Tá athbhreithniú gnó ardleibhéil á dhéanamh faoi láthair ar an ngnó díolacháin fearais míondíola a dhéanfar a chomhlánú sa bhliain reatha. Leanfaidh ESBI ag díriú ar chríochnú thionscadail ghléasra chumhachta Coolkeeragh agus Amorebieta in am agus laistigh den bhuiséad. Tá forbairt á déanamh ar dheiseanna infheistíochta eile i margadh an AE.

I 2004 osclóidh an margadh leictreachais i dTuaisceart Éireann tuilleadh ar bhonn céimnitheach agus faoi dheireadh 2004 beifear ag súil go mbeidh gach custaiméir gnó i dTuaisceart Éireann in ann a soláthróir leictreachais a roghnú. Tá ESBIE á gcur féin sa chaoi anois go mbeidh siad in ann freastal ar riachtanais chustaiméirí sa teascán seo den mhargadh.

Tá ESBIE i gcaoi mhaith lena mbonn custaiméirí i bPoblacht na hÉireann a fhás le linn 2004 de bharr deiseanna a thiocfaidh ó oscailt an mhargaidh tuilleadh.

Athbhreithniú Oibritheora Chóras Tarchuir

Athbhreithniú Oibríochta

Is é an tEangach Náisiúnta faoi láthair an tOibritheoir Córais Tarchuir agus Oibritheoir Margaidh d'Éirinn. Is é ról an Oibritheoir Margaidh ná an margadh cóimheáite a shocrú do leictreachais, constaicí agus neamhréireachtaí san áireamh. Siúd is go bhfuil 40% den mhargadh oscailte d'iomaíocht ó 2002 d'ardaigh éileamh neamhspleách arna shocrú faoi chóid trádála agus socraithe ó 26% in 2002 go thart ar 31% in 2003.

Caiteachas Caipitil NeamhTharchuir

Ag teacht ag deireadh na bliana thosaigh an tEangach Náisiúnta obair ar roinnt gnéithe den mhargadh socrúcháin leictreachais nua de réir SI 304 de 2003, ag teacht as athbhreithniú ar an margadh láithreach arna fheidhmiú ag CER. Tá an tionscadal sceidealta le breis is trí bliana a ghlacadh.

Chomh leis sin tá dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal chun córas bainistíochta nua fuinnimh a shuiteáil agus a choimisiúnú don Eangach Náisiúnta de réir an spriocdháta. Meastar go mbeidh sé críochnaithe faoi lár 2004.

Oibríochtaí Córais

Is é an toradh atá ar fás mór ar éileamh i gcomhar le brú ar imeall acmhainne córais ná go raibh roinnt deacrachtaí oibríochta ann le linn 2003. Ainneoin na ndeacrachtaí sin áfach rinneadh soláthar slán iontaofa a choinneáil i rith na bliana. Rinneadh soláthar ar an lánbhuaic córais ba mhó riamh de 4,415 MW an tráthnóna Déardaoin 7 Eanáir 2003.

Ní tharla aon mhóreachtraí ar an gcóras tarchuir le linn na tréimhse. Leanann idirnasc le Tuaisceart Éireann ag imirt ról tábhachtach ó thaobh na slándála a choinneáil ar thaobh Thuaisceart na hÉireann agus ar thaobh Phoblacht na hÉireann. Siúd is go bhfuil teorainn mhór ar acmhainn ó Phoblacht na hÉireann go Tuaisceart Éireann tá acmhainn sách mór ar fáil i dTuaisceart Éireann ó Phoblacht na hÉireann agus úsáidtear sin le haghaidh trádála agus tacú d'acmhainn giniúna do chóras na hÉireann.

Freagracht Sóisialta Corparáideach

In ár dTuarascáil Bhliantúil do 2002 leagamar amach an rún a bhí againn creat oibre Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) a bhunú chun a chur ar ár gcumas tomhas a dhéanamh ar an méid a dhéanaimid go sóisialta mar chuideachta. Ní coincheapanna nua do BSL na coincheapanna – gnéithe sóisialta, timpeallachta agus eiticiúla a lánpháirtiú inár bpróisis ghnó agus inár n-idirghníomhú le geallshealbhóirí – na coincheapanna is bonn do CSR. Bhí na gnéithe sin riamh ag imirt tionchair ar ár gcuid polasaithe agus cleachtas. Is é an ní atá difriúil ná go bhfuilimid ag forbairt meicníochtaí le haghaidh tomhas, tuairisciú agus feabhas a dhéanamh ar thionchar ár gcuid gníomhaíochtaí.

Agus muid ag forbairt ár gcreat oibre CSR tá tacaíocht againn ón mbaint atá againn le Business in the Community, Ireland (BITC). Bhí BSL ar cheann de bhunaitheoiri BITC agus i nDeireadh Fómhair 2003 shínigh Cairt Freagrachta Sóisialta Corparáideach ag tabhairt geallúint go foirmiúil faoi dhialóg oscailte trédhearcach le custaiméirí, le fostaithe, le soláthróirí, le páirtithe gnó, leis an Rialtas agus leis an bpobal.

Tá níos mó tábhachta le bainistiú ar bhealach eiticiúil de réir mar atá ár ngnó ag éirí níos casta agus go dtagann méadú ar na héilimh ar dhaoine, ar acmhainní agus ar an timpeallacht. Féachaimid ar CSR mar fhoinse sochair mhóra don chuideachta agus mar dheis chun cur tuilleadh lenár gcáil. Tá comhordaitheoir CSR ceaptha againn agus tá athbhreithniú ar bun ar na croíluachanna is bonn dár n-iompar. Féach thíos cuid de na gníomhartha atáthar a dhéanamh faoi láthair i réimsí Timpeallachta, Foirne, Custaiméirí agus Pobail.

Timpeallacht

Ceann dár bpríomhchuspóirí ná ár gcuid gníomhaíochtaí a sheoladh ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh na timpeallachta. Téann ár n-údair imní corparáideacha sa réimse sin thar oibleagáidí dlí a fhorchuirtear orainn agus táimid tiomanta inár bpolasaí feabhas a chur go leanúnach ar ár bhfeidhmíocht timpeallachta. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas lárnach d'fheidhmiú an pholasaí sin:

- laghdú ar leibhéil agus tionchar astuithe 'gás teasa' trí athstruchtúrú fadtéarmach ar ár bportfóilió de ghléasra giniúna breosla fossil, gléasra fuinnimh inathnuaite gaoithe agus cinn eile a fhorbairt,
- an infheistíocht is gá a dhéanamh chun comhlíonadh náisiúnta a éascú le teorainneacha astuithe atá leagtha síos ag Treoracha AE ar ghéis aigéideacha - (SO2)and nitrogen oxides (NOx),
- forbairt agus cothabháil ar chórais bainistíochta timpeallacha creidiúnaithe ag ISO ag gléasraí cumhachta agus inár ngnó gréasán,
- forbairt a dhéanamh ar chóras bainistíochta dramhaíola cuimisitheach ag teacht le polasaí AE agus polasaí náisiúnta agus creata oibre, agus
- agus monatóireacht agus feidhmiú agus torthaí taighde cothrom le dáta agus iad a chur in iúl maidir le réimse maighnéideach agus leictreacha ag gach céim de dhearadh agus d'oibriú ár gcóras



>> Ceann dár bpríomhchuspóirí ná ár gcuid gníomhaíochtaí a sheoladh ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh na timpeallachta.

AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH Fuair seachtú bliain de Dhuaiseanna Grianghraif Timpeallachta an líon is airde fós iontrálacha in Éirinn agus ó thar lear.

Ag teacht lenár dtiomantas do Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach cinntimid go mbíonn nósanna imeachta ar ár mórshuímh le déileáil le fiosruithe agus gearáin. Déantar gach iarracht eachtraí timpeallachta a sheachaint ach nuair a tharlaíonn siad tuairiscítear iad agus déantar iad a fhiosrú go hiomlán tríd an gcóras bainistíochta timpeallachta. Ceann de na heachtraí sin an sciorradh talún ag Doire Uí Bhriain i gCo na Gaillimhe rinneadh í a fhiosrú go hiomlán ag comhairleoirí neamhspleácha agus foilsíodh an tuairisc go poiblí.

Foireann

Is fada muid bródúil as a bheith mar fhostóir céad rogha in Éirinn. Is é an rún a bhí againn agus atá fós againn timpeallacht oibre a sholáthar ina mbeidh tús áite ag sábháilteacht agus go mbeidh an fhoireann spreagtha chun scoth na feidhmíochta a sholáthar agus go mbeidh siad ag foghlaim go leanúnach.

Seo a leanas cuid de phríomheilimintí ár gcuid gníomhaíochtaí bainistíochta acmhainní daonna:

- raon leathan de shochair fhostaithe a sholáthar, cuid mhaith acu os cionn an íosmhéid reachtúil,
- ag cothú caidrimh aibí, iontruist, agus forchéimnitheach leis na ceardchumainn chun cultúr páirtnéireachta éifeachtach a fheidhmiú,
- socruithe oibre agus saoráidí a sholáthar chun cuidiú leis an bhfoireann a mbíonn dúshláin rompu ó thaobh bhainistiú a dhéanamh ar a saol oibre de bharr freagrachtaí teaghlaigh, tinnis nó strus pearsanta,
- bearta comhionannais a fheidhmiú lena chinntiú go mbeidh deis ag an bhfoireann ar fad dul chun cinn a dhéanamh cibé inscne, stádas pósta, aois, nó míchumas,
- cláir oiliúna a sholáthar dírithe ar chumas agus inniúlachtaí is gá le go n-éireoidh le duine go pearsanta agus san eagraíocht a sholáthar,
- deiseanna oideachais a sholáthar don fhoireann chun cáilíochtaí tríú leibhéal a bhaint amach,
- clár comhairle, tacaíochta agus oiliúna d'fhoireann a bhaineann leas as iomarcaíocht dheonach nó a dhéanann athlonnú sa chuideachta, agus
- foireann ar scor a spreagadh chun teagmháil a choinneáil lena n-iarchomhghleacaithe trí imeachtaí eagraithe ag an gcuideachta agus soláthair rochtana dóibh ar chúram sláinte agus ar chláir chúnta fostaithe.

Maidir le sábháilteacht táimid tiomanta do sprioc gan aon ghortuithe ar bith d'fhoireann, do chonraitheoirí agus do dhaoine den phobal. Le linn 2003 sheol an Fhoireann Feidhmíochta sraith tionscnamh a bhí dírithe ar laghduithe móra a sheachadadh ar an líon ba chúis le cailliúint ama sa chuideachta agus den chéad uair anuraidh sheol an fhoireann feidhmheach agus a gcuid bainisteoirí sinsearach iniúchtaí sábháiltachta go pearsanta.

Faraor tar éis an treo a raibh gortuithe ag titim le blianta beaga mar a tuairiscíodh cheana féin tharla roinnt básanna ó ghníomhaíochtaí Ghrúpa BSL in 2003. Ba mhór an tubaiste é sin dá muintir , dá bpobail agus dá gcomhghleacaithe. An chéad ní a bhí uainn ná tacaíocht a thabhairt do na daoine a bhí faoi bhrón agus ansin fiosrúcháin mhiona a dhéanamh faoi údair na dtubaistí le súil nach ligfí dá leithéid tarlú arís. Laghdaigh an ráta gortuithe as ar cailleadh ama gach bliain ó 1998 agus tá sé níos ísle anois ná mar a bhí sé riamh.

Custaiméirí

Le beagnach 1.8m custaiméir tá BSL ar cheann de na soláthróirí seirbhíse is mó in Éirinn. Tá margadh leictreachais na hÉireann ar cheann de na cinn is tapúla atá ag fás sa domhan forbartha agus tá leathnú de 40% tagtha air le deich mbliana anuas. Táimid tiomanta leictreachas a chur ar fáil ar phraghsanna iomaíocha, agus san am céanna brabúsacht fhadtéarma is gá mar bhonn d'infheistíocht agus d'fhás amach anseo a choinneáil. Tá clár infheistíochta mór ar bun faoi láthair, atá leagtha amach chun infrastruchtúr leictreachais ar ardchaighdeán a sholáthar do gach úsáideoir agus cur le hiontaofacht an ghréasáin.

Feidhmímid i margadh atá ag athrú agus a bheidh oscailte go hiomlán d'iomaíocht in 2005. Ceann de phríomheilimintí ár straitéise ná freastal ar ár gcuid custaiméirí ar fad agus a chinntiú go dtugaimid freagra cuí ar a gcuid riachtanas, cibé úsáideoirí beaga baile nó comhlachtaí tráchtála móra. Áirítear ar na tionscnaimh atá bunaithe maidir le seirbhísí custaiméirí :

- Cairteanna Custaiméirí do na Gréasáin agus gnóthaí Soláthair Chustaiméirí, a shonraíonn an leibhéal seirbhísí ba chóir do chustaiméirí a bheith ag súil leo agus soláthar a dhéanamh ar ráthaíocht íocaíocht mar chúiteamh ar aon mhainneachtain ag BSL na caighdeáin shonraithe a chomhlíonadh.

- nósanna imeachta gearán le soláthar do ghearáin nach réitítear laistigh den chuideachta le tagairt chuig ELCOM, seirbhís eadrána neamhchlaonta neamhspleách atá freagrach as gearáin a réiteach ó chustaiméirí BSL,
- Ionaid Teagmhála Náisiúnta Custaiméirí a bhuaigh duaiseanna agus a sholáthraíonn seirbhís sé lá na seachtaine agus seirbhís teileafóin briseadh síos éigeandála 24 uair a chloig,
- cláir fheasacht fuinnimh dírithe ar a chumas custaiméirí cónaitheacha agus gnó coigiltis a dhéanamh ina mbillí agus leas a dhéanamh don timpeallacht trí úsáid níos éifeachtaí leictreachais,
- modhanna íoca billí a chuidíonn go maith le custaiméirí agus má cuí a bheith solúbtha leo sin a mbíonn deacrachtaí airgid acu,
- dearadh láithreán gréasáin níos fearr chun rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumas, agus leabhráin eolais a sholáthar agus clostéipeanna a bhíonn leagtha amach do dhaoine le riachtanais speisialta,
- cláir atá leagtha amach chun fadhbanna daoine a bhíonn i gcontúirt hipotéirme de bharr seanaoise nó cheal gluaiseachta a réiteach agus
- Foirm Iarratas Soláthair níos fearr a bhain amach duais Crystal Mark Award as Béarla glan.

Inár gcaidreamh le soláthróirí oibrímid de réir Threoracha Rialtais, Threoracha AE agus Cód Eiticí Gnó Fostaithe BSL a éilíonn caighdeáin arda ionracais, dleathachta, agus rúndachta in ár gcuid idirbheartaíochtaí ar fad.

Pobal

Ó bunaíodh an chuideachta is foinse mhór fostaíochta iad BSL i bpobail áitiúla agus rinne na pobail sin freastal maith orthu. Le blianta beaga b'éigean stáisiúin a dhúnadh de bharr athruithe teicneolaíochta. Agus muid ag feidhmiú na gcinntí gnó sin rinneamar páirtíocht i gcónaí le pobail áitiúla agus muid i bpróiseas chun fiontar áitiúil agus cruthú postanna a chothú. Cheadaíomar le gairid pacáistí do thacaíocht pobal i Ród agus i bhFéar Bán i gCo. Uíbh Fhailí, áiteanna ar dúnadh stáisiúin chumhachta. Déantar na cistí sin a sheachadadh ar an bpobal trí phróisis chomhaontaithe.

Tá baint againn le raon eile de thionscnaimh phobail lena n-áirítear:

- tacaíocht d'eagraíochtaí agus d'imeachtaí i saol cultúir agus spóirt go háitiúil agus go náisiúnta,
- tacaíocht do charthannachtaí, sa bhaile agus thar lear trí chomhfhiontar BSL/foirne "ElectricAid" a bhfuil breis is €2m bailithe aige,
- nascanna pobail a chothú i dtionscadail idirnáisiúnta trí sholáthar eolais, urraíocht agus fostú conraitheoirí agus soláthróirí bunaithe go háitiúil agus a chomhlíonann critéir shocraithe áirithe lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht.

Ó bunaíodh an chuideachta is foinse mhór fostaíochta iad BSL i bpobail áitiúla agus rinne na pobail sin freastal maith orthu.

AG CUIDIÚ LEIS AN BHFÍS A BHAINT AMACH Feicimid CSR mar fhoinse sochair shuntasacha don chuideachta agus mar shlí chun cur lenár ndeacháil.

www.esb.ie

An Bord

Bhí 14 cruinniú bord (11 Cruinniú Ginearálta Boird agus 3 chruinniú Boird Speisialta) ann le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2003. Seasann an uimhir thíos atá trasna ó gach ainm láithreacht gach aon ball den bhord ag cruinnithe Ginearálta agus Speisialta Boird faoi seach, le linn na bliana.

BALL DEN BHORD	GINEARÁLTA/SPEISIALTA
Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach	(11,3)
Joe LaCumbre, Leas-chathaoirleach	(10,3)
Bernard Byrne	(7,3)
Eamonn Connolly	(11,3)
Eoin Fahy	(10,2)
Georgina Kenny	(11,2)
John McGinley	(11,3)
Will McKee	(10,1)
Padraig McManus	(11,3)
Derry O'Donovan	(11,3)
Pat Smith	(11,3)
Anne Taylor	(10,2)

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo ag an gcruinniú ar an 24 Feabhra 2004 lena chur ar aghaidh chuig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Tadhg O'Donoghue
Cathaoirleach

Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach

John Redmond
Rúnaí na Cuideachta

23 MÁRTA 2004

Coistí Boird

AN COISTE INIÚCHTA
Is é cuspóir an Choiste Iniúchta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar chóras rialaithe inmheánach BSL.

Le linn 2003 rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar ráitis airgeadais idirthréimhseacha agus bliantúla, ar chóras na rialuithe inmheánacha, ar thuairiscí na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar cheapadh iniúchóirí cuideachta, ar pholasaithe bainistíochta riosca agus ciste agus nósanna imeachta.

Baill: Bernard Byrne, Cathaoirleach
Derry O'Donovan
Eamonn Connolly

AN COISTE FORBARTHA GNÓ AGUS IDIRNÁISIÚNTA
Is é cuspóir an Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta ná athbhreithniú a dhéanamh ar thograí infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm leo BSL a ullmhú le haghaidh dul chun cinn sa todhchaí i gcomhar leis an straitéis atá ceadaithe ag an mBord.

D'athbhreithnigh an Coiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta conarthaí móra a bhaineann leis an gclár athnuachana gréasán, infheistíochtaí sa phortfóilió giniúint chumhachta, cumas a huasmhéadú agus infheistíochtaí idirnáisiúnta.

Baill: Georgina Kenny, Cathaoirleach
Eoin Fahy
Joe LaCumbre
Will McKee
Padraig McManus

AN COISTE STRAITÉISE GNÓ
Is é cuspóir an Choiste seo ná monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh feidhmíochta agus gnóthachtáil spriocanna sa straitéis chorparáideach atá ceadaithe ag an mBord.

Le linn 2003, d'athbhreithnigh an Coiste Straitéise Gnó feidhmíocht in aghaidh na spriocanna straitéiseacha atá ceadaithe ag an mBord.

Baill: Joe LaCumbre, Cathaoirleach
Derry O'Donovan
Pat Smith

AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL
Is é cuspóir an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ná comhairle a thabhairt den Bhord ar nithe a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus comhshaoil.

Le linn 2003, bhreithnigh an Coiste tuarascálacha ar thimpistí, lena n-áirítear básanna, ina raibh an fhoireann, conraitheoirí agus baill den phobal bainteach agus comhlíonadh BSL ó thaobh reachtaíocht sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil.

Baill: Pat Smith, Cathaoirleach
Padraig McManus
Anne Taylor

AN COISTE AIRGEADAIS
Is é cuspóir an Choiste Airgeadais ná maoirseacht a dhéanamh ar straitéis agus ar pholasaí maidir le nithe airgeadais agus comhairle a thabhairt den Bhord nuair is cuí.

Le linn 2003 bhreithnigh an Coiste Airgeadais riachtanais maoinithe BSL i gcomhthéacs a gcláir infheistíochta móra caipitil.

Baill: Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach
Bernard Byrne
John McGinley

AN COISTE NEAMHSPLEÁCH OIBRITHEORA CHÓRAS TARCHUIR
Éascaíonn an Coiste ITSO bainistiú neamhspleách ar fheidhmeanna an Oibritheoir Chórais Tarchuir a bhíonn á fheidhmiú ag gnó Eangach Náisiúnta laistigh de BSL ar bhunús dian imfhálta, ag feitheamh aistriú na bhfeidhmeanna sin chuig EirGrid mar eintiteas dhlíthiúil neamhspleách.

Members: Eoin Fahy, Cathaoirleach
Derry O'Donovan

AN COISTE RIALÁLA
Is é cuspóir an Choiste sin ná maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na straitéise corparáidí maidir le reachtaíocht a bhíonn ag athrú agus nithe rialála agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanais rialála.

Bhreithnigh an Coiste Rialála forbairtí rialála ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta le linn 2003.

Baill: John McGinley, Cathaoirleach
Eamonn Connolly
Georgina Kenny
Anne Taylor

AN COISTE LUACH SAOTHAIR AGUS FORBARTHA BAINISTÍOCHTA
Is é cuspóir an Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta ná comhairle a thabhairt don Bhord ar gach gné maidir le luach saothair an phríomhfheidhmeannaigh, luach saothair an ghrúpa bainistíochta feidhmíochta a leagan síos tar éis comhairliúchán leis an bPríomhfheidhmeannach agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt cheannairí BSL faoi láthair agus sa todhchaí.

Le linn 2003 bhreithnigh an Coiste luach saothair agus spriocanna an Phríomhfheidhmeannaigh agus na feidhmeannaigh sinsearacha chomh maith le riachtanais forbraíochta bhainisteoirí sinsearacha na Cuideachta.

Baill: Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach
Eoin Fahy
Will McKee

Baill an Bhoird

Tadhg O'Donoghue

Tháinig Tadhg O'Donoghue ar Bhord BSL i Meán Fómhair 2000 agus ceapadh ina Chathaoirleach é in Eanáir 2001. Roimhe sin bhí an tUasal O'Donoghue ina Pháirtnéir Idirnáisiúnta Sinsearach le PricewaterhouseCoopers. Bhí sé ina iar-Chathaoirleach ar Board Iascaigh Mhara agus ina iar-Uachtarán ar Chumann Tráchtála Mheiriceá in Éirinn. Tá an tUasal O'Donoghue mar Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta agus mar Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais.

Padraig McManus

Ceapadh Padraig McManus ina Phríomhfheidhmeannach den Bhord in Iúil 2002. Thosaigh sé ag obair le BSL i 1973 agus chaith sé chuig bhliana déag ar ghnóthaí idirnáisiúnta na Cuideachta agus ina dhiaidh sin bhí sé mar Stiúrthóir Bainistíochta ar BSL Idirnáisiúnta agus ina Stiúrthóir Tráchtála ar BSL. Tá sé mar Bhall de Bhord Fhoras Bainistíochta na hÉireann, Gnó sa Phobal, Cumann de Chuideachtaí Edison Illiminating agus ar Bhord Comhairleach d'Ireland Aid. Tá an tUasal McManus mar bhall de Choiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil an Bhoird agus de Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta an Bhoird.

Eamonn Connolly

Ceapadh Eamonn Connolly chuig an mBord in Eanáir 2003 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Is innealtóir leictreach é ag obair le Gréasáin BSL i mBaile Átha Cliath. Thosaigh sé ag obair le BSL i 1986 mar chéimí innealtóra agus d'oibrigh sé i bpoist éagsúla ar fud na cuideachta, lena n-áirítear roinnt blianta mar chomhchomhairleoir le BSL Idirnáisiúnta. Tá sé mar Chomhalta d'Institiúid Innealtóireachta na hÉireann agus tá Céim aige in Innealtóireacht Leictreach ó Kevin St agus Céim Máistreachta i mBainistiú Tionscadail ó Ollscoil Luimnigh. Tá sé mar Iontaobhaí faoi láthair de chiste Aoisliúntais BSL. Tá sé mar bhall de Choiste Iniúchta agus de Choiste Rialála an Bhoird.

Georgina Kenny

Ceapadh Georgina Kenny chuig an mBord in Aibreán 2000. Is Aturnae í Georgina Kenny Uasal agus tá sí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Shannon Dry Cleaners. Tá sí mar bhall de Bhord Tascfhórsa Phobail Bhaile Átha Luain ó 1994. Tá Georgina Kenny mar Chathaoirleach ar an gCoiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus mar bhall den Choiste Rialála.

Anne Taylor

Seo é an dara téarma ag Anne Taylor ar an mBord, mar athcheapadh í i mBealtaine, 2002. Is í Anne Taylor Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách an Bhoird. Tá sí mar bhall den Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil agus mar bhall den Choiste Rialála. Tá sí ina Cathaoirleach ar Ionad Acmhainne Phobail Chluain Meala agus ina Cathaoirleach ar Choiste Ceantair Chluain Meala, Fondúireacht Athshlánúcháin. Tá sí ina iar-Cathaoirleach ar Chomhairle Náisiúnta Ban na hÉireann agus ina hUachtarán ar Bhrústocaireachta Ban na hEorpa, an Bhruiséil. Is Comhchomhairleoir í Anne Taylor a bhíonn ag obair sna réimsí Comhionannais, Éagsúlachta agus Oiliúna.

Joe LaCumbre

Ceapadh Joe LaCumbre mar Leas-Chathaoirleach den Bhord i Meán Fómhair 2000. Seo é a shéú téarma ar an mBord agus ceapadh den chéad uair é in Eanáir 1984 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Tá an tUasal LaCumbre mar bhall de Choiste Feidhmeannach TEEU agus is ionadaí foirne é ar an gCoiste Riaracháin Ciste Aoisliúntais agus ar Chiste Coigiltis Míochaine BSL. Tá sé mar Chathaoirleach den Choiste Straitéise Gnó agus mar bhall den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus is comhalta é de Thascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain.

John McGinley

Ceapadh John McGinley ar an mBord den chéad uair in Eanáir 1995 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus atoghadh é i 1998 agus i 2002. Is teicneolaí é i nGréasáin agus is comhalta é de Chomhairle Chontae Chill Dara agus d'Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir. Is Cathaoirleach é an tUasal McGinley den Choiste Rialála agus is ball é den Choiste Airgeadais.

Derry O'Donovan

Ceapadh Derry O'Donovan chuig an mBord i mí Bealtaine 2002. Tá sé ina Chomhairleoir Gnó Sinsearach le Banc AIB. Tá sé ina Stiúrthóir ar Ospidéal Naomh Lúcas agus First Step. Bhí an tUasal O'Donovan ina iar-Chathaoirleach ar Chumann Croise Deirge na hÉireann agus ina iar-Uachtarán ar an gCumann Talmhaíochta Eolaíochta. Tá sé mar bhall de Choiste Iniúchta, de Choiste ITSO agus de Choiste Straitéise Gnó an Bhoird.

Will McKee

Ceapadh Will McKee chuig an mBord i mBealtaine 2002. Is Cathaoirleach é ar Amtec Medical agus oibríonn sé ar bhoird cuideachtaí a mbíonn baint acu leis na tionscail gróiséireachta, grúdaireachta agus bainisteoireacht comhairliúcháin. Is ball é an tUasal McKee den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta.

Pat Smith

Ceapadh Pat Smith chuig an mBord in Eanáir 1999 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus atoghadh é i 2002. Thosaigh sé le BSL i 1981 agus tá sé ag obair mar Theicneoir Gréasáin as Wilton i gCorcaigh. Bhí an tUasal Smith mar Rúnaí ar Bhrainse Chorcaí den A.T.G.W.U agus mar Rúnaí Náisiúnta ar Chatagóir Náisiúnta Teicneoirí. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil agus is ball é den Choiste Straitéise Gnó.

Eoin Fahy

Ceapadh Eoin Fahy chuig an mBord in Eanáir 2001. Is é an Phríomheacnamaí le KBC Asset Management Ltd. Baile Átha Cliath agus is tráchtaire meáin le taithí é ar shaincheisteanna eacnamaíochta. Is ball é an tUasal Fahy den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, den Choiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta agus tá sé ina Chathaoirleach den Choiste ITSO.

An Coiste Feidhmeannach

Tony Donnelly

Thosaigh Tony Donnelly ag obair le BSL i 1963. Ceapadh ina Stiúrthóir Airgeadais Grúpa é i Nollaig 1997. D'oibrigh sé roimhe sin i roinnt rólanna bainistíochta airgeadais sinsearacha ar fud na cuideachta, lena n-áirítear mar Rialtóir Airgeadais Grúpa. Is iontaobhaí é de Chiste Aoisliúntais BSL agus comhalta den Bhord Gobharnóirí i gColáiste Froebel. Ceapadh ina Leas-Phríomhfheidhmeannach ar BSL é i Samhain 2003.

John Redmond

Ceapadh John Redmond ina Rúnaí Cuideachta i 2002. Bhí sé ina Rúnaí Cuideachta le GPA Group Plc. roimhe sin. D'oibrigh sé i Seirbhís Taidhleoireachta na hÉireann idir 1980 agus 1988.

John Campion

Ceapadh John Campion ina Stiúrthóir Feidhmeannach Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha i 2002. Thosaigh sé ag obair le BSL i 1978 agus d'oibrigh sé i rólanna éagsúla bainteach le caidrimh thionscail agus bainistíocht pearsanra, lena n-áirítear Bainisteoir Acmhainní Daonna maidir le Giniúint Chumhachta. D'oibrigh sé freisin mar bhainisteoir réigiúnach i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ina cheannaire ar Thionscadail Gréasán sular ceapadh ina Stiúrthóir Feidhmeannach é.

Aidan O'Regan

Thosaigh Aidan O'Regan ag obair le BSL i 1965. Ceapadh é mar Cheannaire Gnóthaí Rialaithe in Eanáir 1997. Bhí sé mar Bhainisteoir ar Athrú Corparáideach le linn an Athbhreithniú Costais agus Iomaíochais. Bhí poist bainistíochta sinsearacha aige roimhe sin i réimsí ar nós acmhainní daonna, airgeadas agus bainistíocht tionscadail agus rinne sé bainistiú ar thascanna comhchomhairliúcháin idirnáisiúnta.

Kieran O'Brien

D'oibrigh Kieran O'Brien, atá ina Phríomhfheidhmeannach Ainmnithe de EirGrid plc anois mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Eangach Náisiúnta BSL ó 1993. Thosaigh sé ag obair le BSL i 1971 agus d'oibrigh sé ar roinnt thionscadal tógála le BSL le linn na 1970aidí lena n-áirítear Turlough Hill agus Moneypoint. Bhí sé mar bhainisteoir cónaithe BSL san Araib Shádach agus ina dhiaidh sin bhí sé mar Bhainisteoir sa Roinn Oibreacha Sibhialta. D'oibrigh an tUasal O'Brien mar Stiúrthóir ar Phleanáil agus Forbairt Straitéiseach.

Michael McNicholas

Ceapadh Michael McNicholas ina Stiúrthóir Feidhmeannach Giniúint Chumhachta agus Soláthair in Iúil 2002 tar éis dó a bheith ina Bhainisteoir Ginearála Giniúint Chumhachta ó 1999. Ó thosaigh sé ag obair le BSL i 1982 bhí poist shinsearacha aige sa chuideachta i nGréasáin, Margaíocht agus Giniúint Chumhachta. Tá sé ina Stiúrthóir freisin ar BSL ESOP Trustee Ltd.

Sean Wyse

Thosaigh Seán Wyse ag obair le BSL i 1970. Ceapadh ina Stiúrthóir Feidhmeannach Fiontair Tráchtála é in Iúil 2002. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta, Gnóthaí Innealtóireachta agus Tráchtála ó 2000, tar éis dó a bheith ina Stiúrthóir Bainistíochta, Seirbhísí Custaiméirí ó 1997. Bhí roinnt poist bainistíochta sinsearacha aige sa ghnó Dáileacháin ar fud na tíre sular ceapadh é ina Bhainisteoir Grúpa, Giniúint Chumhachta é i 1994.

John Shine

Ceapadh John Shine ina Stiúrthóir Feidhmeannach Gréasáin i Samhain 2002. Thosaigh sé ag obair le BSL i 1978 agus bhí roinnt poist shinsearacha aige sna réimsí Gréasán, Margaíochta agus Forbartha Gnó i BSL. Chaith sé roinnt blianta lasmuigh de BSL ag forbairt gnó seirbhísí idirnáisiúnta a d'éirigh go maith leis sular fhill sé i 2002. Tá sé ina Iontaobhaí de Chiste Aoisliúntais BSL.

Bernard Byrne

Ceapadh Bernard Byrne chuig an mBord in Iúil 2001. Is Cuntasóir Cairte é agus d'oibrigh sé roimhe sin mar Leas-Phríomhfheidhmeannach agus mar Stiúrthóir Airgeadais Grúpa le IWP International Plc. Ceapadh ina Stiúrthóir Airgeadais Grúpa é le BSL in Eanáir 2004, tar éis dó éirí as an mBord.